


# 2011

## Tuarascáil Bhliantúil 2011



Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement

Le haghaidh eolas eile:

Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach,  
16 Cearnóg Pharnell,  
Baile Átha Cliath 1.

Guthán: 01 858 5800

Íosglao: 1890 315 015

Facs: 01 858 5801

Ríomhphost: [info@odce.ie](mailto:info@odce.ie)

Suíomh Gréasáin: [www.odce.ie](http://www.odce.ie)

© Rialtas na hÉireann, 2012

ISBN 978-1-4064-2683-0

BAILE ÁTHA CLIATH

---

Le ceannach díreach on  
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,  
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID MOLESWORTH, BAILE ÁTHA CLIATH 2,  
nó tríd an bpost ó  
FOILSEACHÁN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,  
51 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.  
(Tel: 01 647 6834/35/36/37; Facs: 01 672 5449)  
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

Praghas: €10.00

ISBN 978-1-4064-2683-0



9 781406 426830

## Ráiteas Cóipchirt agus Séanta

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Féadfar iomlán nó páirt den doiciméad seo a atáirgeadh gan bhreis cheada, ar choinníoll go n-admhaítear foinse an eolais.

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil anseo mar fhaisnéis de nó ar son an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir lena thuiscint nó lena léiriú ar aon cheann d'fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2006 nó maidir le léiriú ar dhlí ar bith. Ba chóir dul sa tóir ar Comhairle dlí neamhspleách maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó le haon dliteanas is cuma cén chaoi a n-éiríonn siad as ábhar an fhoilseacháin seo nó as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir an ceart caingean chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

© Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2012

# Clár Ábhair

Brollach ón Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach	3
Sracfhéachaint ar 2011	4
Sracfhéachaint ar 2001-2011	5
Réamhrá	6
Sprioc 1: Tuiscint an Phobail de Chearta agus de Dhualgais um Dhlí Cuideachtaí a Fheabhsú	7
Sprioc 2: Dul i nGleic le hIompar Neamhdhleathach agus Mífhreagrach um Dhlí Cuideachtaí	16
Sprioc 3: Seirbhísí Ardchaighdeáin a chur ar fáil do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha	36
Dearcadh	40
Aguisíní	41

# Brollach



**Paul Appleby**, *Stiúrthóir Gníomhach*

De bhun Alt 16(1) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001, is deas liom Tuarascáil Bhliantúil m'Óifige don bhliain 2011 a chur faoi bhráid an Uasail Richard Bruton, T.D., an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Bunaítear creatlach dhualgas, oibleagáidí agus cheart in Acht na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009 ina leagtar amach an bealach a idirghníomhaíonn cuideachtaí, stiúrthóirí cuideachta, scairshealbhóirí, creidiúnaithe, iniúchóirí agus páirtithe leasmhara eile lena chéile ar bhonn cóir. Tá sé de dhualgas ag an OSFC a chinntiú, a mhéid is féidir, go n-oibrítear an chothromaíocht cheart agus freagrachtaí i measc páirtithe leasmhara cuideachta amhail a bheartaítear de réir an dlí. Is éard a dhéanaimid:

- cabhrú leo siúd ar mian leo a gcuid oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh;
- mí-iompar a dhíspreagadh i measc iad siúd ar a bhféadfaí a chur ina luí gan comhlíonadh agus
- dul sa tóir orthu siúd a bhféadfadh a rinne a gcuid dualgas agus oibleagáidí faoin dlí a shárú.

Bliain an-dúshlánach agus an-éilitheach a bhí i 2011 don OSFC. Rinneadh acmhainní suntasacha, go háirithe, a chur chun úsáide san imscrúdú is mó is fairsinge ar thug an Oifig faoi riamh. Ina theannta sin, bhí orainn déileáil le hardleibhéil de rátaí dócmhainneachta arís eile anuraidh. Leag na héilimh eisceachtúla seo brú suntasach ar acmhainní na hOifige agus chuir siad iallach orainn meastóireacht a dhéanamh ar an obair a bhí á tabhairt faoi agus tosaíocht a dhéanamh di.

Sa mhír 'Sracfhéachaint ar 2011' den Tuarascáil seo, thug mé chun solais roinnt dár dtorthaí tábhachtacha i mbliana. Ina theannta sin, mharcáil 2011 an chéad deich mbliana den Oifig, agus chuir mé é seo san áireamh sa Tuarascáil seo agus in 'Sracfhéachaint ar 2001-2011' a léiríonn roinnt dár n-éachtaí suntasacha le linn na tréimhse dúshlánaí sin.

Ba mhian liom an deis seo a ghlacadh chun mo bhuíochas a chur in iúl, ach go háirithe, d'Airí agus d'fhoireann na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta as ucht a dtacaíocht leis an Oifig le linn tráth a bhí dúshlánach i dtaobh cúrsaí geilleagracha de.

Ba mhian liom mo bhuíochas a chur in iúl d'fhoireann thiomanta agus dhícheallach uile na hOifige as ucht leanúint lena dtiomantas dár n-obair thábhachtach. D'ainneoin go bhfuil imscrúdú ar Bhanc Angla-Éireannach ag glacadh thart ar an tríú cuid d'fhoireann an OSFC ar bhonn lánaímseartha, d'éirigh leis an bhfoireann eile leanúint agus tréchur ard agus ardchaighdeán oibre a sheachadh.

Is mian liom, freisin, aitheantas a thabhairt don tacaíocht leanúnach a thug an tOireachtas, an Rialtas, na Cúirteanna agus na gairmithe siúd dlí agus cuntasaióchta don Oifig, a thacaigh lenár n-obair le linn na bliana.

Cuirfear deireadh le mo théarma mar Stiúrthóir in 2012, agus tá súil agam go leanfaidh na hiarrachtaí tábhachtacha a rinne an Oifig maidir leis na caighdeáin chorparáideacha a fheabhsú agus a choimeád le deich mbliana anuas sna blianta intuartha amach romhainn. Guím gach rath ar mo chomhghleacaithe agus ar mo chomharba amach anseo.

**Paul Appleby**

*Stiúrthóir Gníomhach um Fhorfheidhmiú Corparáideach*

An 31 Márta 2012

# Sracfhéachaint ar 2011

## I measc bhuaicphointí 2011 bhí an méid a leanas:

- cuireadh cúig chomhad imscrúdaithe fhairsinge faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí san imscrúdú ar Bhanc Angla-Éireannach. Tugadh obair ar dhá cheann dár gcúig shraith imscrúdaithe chun críche agus cuireadh méid suntasach dár gcuid oibre ar dhá cheann eile i gcrích, dá bharr seo;
- cur i bhfeidhm téarma príosúnachta (trí bliana) don té a ciontaítear – bhí seo ar an gcéad tráth a tháinig pionós den saghas sin i bhfeidhm maidir le cion um dhlí cuideachtaí. I measc chúinsí an cháis bhí comhdú faisnéise bréagaí san Oifig um Chlárú Cuideachtaí i gcodarsnacht le hAlt 242 d'Acht na gCuideachtaí 1990;
- ionchúiseamh rathúil ceithre chás eile choiriúla, as ar eascair ciontuithe ar 19 gcúiseamh. Tá dhá cheann de na cásanna seo á n-achomharc;
- cur i bhfeidhm 18 ndícháiliú agus dhá srianta ar stiúrthóirí cuideachta ag an Ard-Chúirt a eascraíonn as caingean dlí a ghlac an OSFC;
- cur i bhfeidhm naoi ndícháiliú bhreise agus 119 srianta ar stiúrthóirí cuideachta ag an Ard-Chúirt a eascraíonn as caingean dlí a ghlac leachtóirí faoi mhaoirsiú na hOifige seo;
- foilsíú 11 fhoilseachán nua nó nuashonraithe le cabhrú le stiúrthóirí agus le páirtithe leasmhara eile foghlaim faoina ndualgais agus faoina bhfreagrachtaí faoi dhlí cuideachtaí ar bhealach inrochtana;
- ár n-obair leanúnach tathanta as ar éirigh le foireann na hOifige breis agus 50 cur i láthair a dhéanamh do ghairmithe, do leas ghnó agus frontair sóisialta ar fud na tíre;
- cinntí faoi nach mór 1,950 tuarascáil agus gearán leis an Oifig. Is deas linn, agus measúnú á dhéanamh againn ar go leor de na tuarascálacha seo, nár braithheadh aon fhadhb ar leith chorporáideach. I líon mór de na cásanna eile, d'éirigh linn an fhadhb a réiteach gan dul i mbun caingean dlí;
- réimse fairsing de ranníocaíochtaí beartais ar shaincheisteanna cuideachta agus ceartais choiriúil;
- caiteachas iomlán €3.4 milliún, ar laghdú 7.5% é seo ar an mbliain roimhe seo, d'oifig ina bhfuil ach 40 ball foirne (gan an deichniúr Gardaí a chur san áireamh a n-íocann an Roinn Ceartais agus Combhionannais as a gcuid costas go príomha).

Ar an iomlán, creideann an Stiúrthóir gur sheachaid a chuid ball foirne luach ar airgead athuair i 2011, agus aird ar an réimse fairsing de ghníomhaíocht faoinar thug an Oifig anuraidh.

# Sracfhéachaint ar 2001-2011

## I measc na mbuaicphointí den chéad deich mbliana den OSFC bhí an méid a leanas:

- líon tionscnaimh éilitheacha imscrúdaithe agus forfheidhmithe i gcásanna ar nós Bhanc Angla-Éireannach, Bhanc Éireannach Náisiúnta, DCC, Bovale Developments agus Ansbacher (Cayman) agus cinn eile nach iad;
- ionchúiseamh rathúil breis agus 100 cuideachta, stiúirthóir cuideachta agus daoine eile maidir le thart ar 300 cúiseamh coiriúil i limistéar an dlí cuideachtaí;
- dícháiliú breis agus 100 stiúirthóir cuideachta agus daoine eile ó bheith páirteach i gcuideachta do chúig bliana ar an meán;
- srianta ar thart ar 1,200 stiúirthóir cuideachta ar feadh cúig bliana ag eascairt as iarratais leachtóra a rinneadh faoi mhaoirsiú an OSFC;
- ráta ratha breis agus 90% maidir le caingean dí;
- réiteach deonach neamhchomhlíonta i limistéar an dlí cuideachta sna céadta cás;
- cinntí a rinne foireann na hOifige ar bhreis agus 12,000 tuarascáil agus gearán a fuarthas;
- an méid tábhachtach a chur foireann an OSFC le cúrsaí mar thathantóirí de rialachas feabhsaithe corparáideach. Áiríodh leis an obair seo eisiúint breis agus 80 foilseachán nua nó leasaithe treorach um dhlí cuideachtaí, freastal fhoireann na hOifige ar bhreis agus 600 comhdháil, taispeántas agus imeachtaí dá samhail sin, mar aon le réimse fairsing de ranníocaíochtaí beartais a chuimsigh dlí cuideachtaí, reachtaíocht cheartais choiriúil, cuideachtaí sceithreachta agus bainistithe réadmhaoine;
- aitheantas níos fearr ar an tábhacht lena mbaineann dea-rialachas sa tsochaí. Thug taighde ar an margadh faoinar tugadh le linn na bliana le fios gur chreid 85% de na stiúirthóirí gur tháinig méadú ar na leibhéil chomhlíonta um dhlí cuideachtaí sna cúig bliana roimhe sin;
- aitheantas poiblí d'éifeachtúlacht na hOifige. Thug taighde ar an margadh faoinar tugadh le linn na tréimhse le fios gur chreid 75% de na stiúirthóirí cuideachta go raibh an Oifig éifeachtach san fheidhm a bhí aici;
- seachadadh na dtorthaí seo ar chaitheamh sách íseal thart ar €4 milliún sa bhliain.

# Réamhrá

Is iad na trí phríomhfheidhm den Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, amhail a leagtar amach iad san Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001:

- comhlíonadh Achtannaí na gCuideachtaí a spreagadh;
- cásanna de chionta a bhfuiltear in amhras orthu a imscrúdú faoi na hAchtanna agus
- dul i mbun imeachtaí forfheidhmithe i gcás sáruihte dlí nó dualgas cuideachtaí.

Comhsheasmhach leis an gcreatlach reachtuil seo, is éard atá i gceist le straitéis reatha an Stiúrthóra, na bunspríocanna agus na fospriocanna lena mbaineann a leanas:

## **Spríoc 1: Tuiscint an Phobail de Chearta agus de Dhualgais um Dhlí Cuideachtaí a Fheabhsú**

- Fosprioc 1.1: Caighdeán an Chomhlíonta a Ardú
- Fosprioc 1.2: Ár gCaidreamh le Páirtithe Leasmhara a Fhairsingiú
- Fosprioc 1.3: Dul i gCion ar Fhorbairt Beartas

## **Spríoc 2: Dul i nGleic le hIompar Neamhdhleathach um Dhlí Cuideachtaí**

- Fosprioc 2.1: Mí-Iompar a bhFuiltear in Amhras Air a Shainaithint
- Fosprioc 2.2: Sáruihte Tromchúiseacha faoi Acht na gCuideachtaí a Fhorfheidhmiú

## **Spríoc 3: Seirbhísí Ardchaighdeán a Chur ar Fáil do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha**

- Fosprioc 3.1: Ár nAcmhainní a Chur faoi Urrús agus a Bhainistiú go Stuama
- Fosprioc 3.2: Ár bhFoireann a Fhorbairt
- Fosprioc 3.3: Ár Seirbhísí do Chustaiméirí a Fheabhsú

Déantar sa Tuarascáil seo athbhreithniú ar dhul chun cinn i 2011 agus tagairt á déanamh do gach ceann de na spriocanna agus fospriocanna seo.



# Spríoc 1: Tuiscint an Phobail de Chearta agus de Dhualgais um Dhlí Cuideachtaí a Fheabhsú

## Réamhrá

Ar aon dul lena straitéis foriomlán, tá an OSFC tiomanta go fóill don tasc lena mbaineann feacht daoine agus chuideachtaí ar oibleagáidí um dhlí cuideachtaí a mhúscailt. Obair iltaobhach atá i gceist leis seo agus áirítear léi réimse de ghníomhaíochtaí éagsúla. Ina measc seo tá réiteach agus eisiúint foilseachán, nuair a mheastar gur cuí, teachtaireacht an OSFC a chur in iúl do ghrúpaí leasmhara agus idirghníomhú le heagraíochtaí agus le hinstiúidí atá san earnáil phoiblí agus phríobháideach go ginearálta, d'fhonn an córas comhlíonta a chur chun cinn. Leagtar achoimre ar an obair sin i 2011 amach thíos.

## Fosprioc 1.1: Caighdeán an Chomhlíonta a Ardú

### Foilseacháin

D'eisigh an OSFC aon fhoilseachán déag nua le linn 2011 (4 cinn i 2010), lena n-áirítear Athbhreithniú Dheireadh na Bliana do 2010 agus Tuarascáil Bhliantúil do 2010. Leagtar amach an liosta iomlán in **Aguisín 1.1.1** a ghabhann leis an Tuarascáil Bhliantúil seo.

Léirigh seacht bhfoilseachán nuashonruithe de Leabhair Faisnéise ar dhualgais agus ar oibleagáidí páirtithe éagsúla faoi dhlí cuideachtaí na hÉireann. Tá cuideachtaí, stiúrthóirí, rúnaithe cuideachta agus iniúcháirí i measc na ndaoine ar a bhfuil na Leabhair seo dírithe.<sup>1</sup> Cuireadh na foilseacháin leasaithe seo in ionad Leabhair Faisnéise a bhí á n-úsáid ó 2002 i leith.<sup>2</sup> Agus na Leabhair seo á n-athdhreachtú, glacadh an deis chun leaganacha Gaeilge a fhoilsiú den chéad uair. Tá cóipeanna sa dá theanga ar fáil ar láithreán gréasáin an OSFC, [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie), agus i bhfoirm chruachóipe ach ar iarraidh sin ar an Oifig.

Ina theannta sin, chuir an Oifig leabhrán maidir le Coistí Iniúchta lena réimse móréilimh de Threoir Thapa. Cuimsíonn an Treoir seo na príomhoibleagáidí atá ar choistí iniúchta in aonáin leasa phoiblí, ar nós cuideachtaí, bainc agus cuideachtaí árachais liostáilte, agus áirítear léi freisin deachleachtas molta do na coistí iniúchta agus d'aonáin eile.<sup>3</sup>

Ina theannta sin, d'fhoilsigh an Oifig Fógra Eolais i 2011<sup>4</sup>. Is éard a bhí i gceist leis seo liosta de chásanna i 2010 inar chinn an OSFC chun leachtóirí a fhúscailt, cibé acu go buan nó go sealadach, dá n-oibleagáid chun imeachtaí srianta Ard-Chúirte a ghlacadh i leith stiúrthóirí na gcuideachtaí dócmhainneacha ainmnithe. Rinneadh na cinntí seo i ndiaidh meastóireacht a dhéanamh ar thuarascálacha leachtóra a cuireadh faoi bhráid na hOifige faoi Alt 56 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001.

Eisíodh breis agus 20,000 cruachóip d'fhoilseacháin éagsúla na hOifige i 2011. Rinne an Oifig um Chlárú Cuideachtaí thart ar leath de na cáipéisí<sup>5</sup> seo a dháileadh ar dhaoine a raibh cuideachtaí nua á gclárú acu. Rinne foireann an OSFC an fuilleach díobh a dháileadh mar fhreagairt ar éileamh poiblí, lena n-áirítear ar dhaoine a d'fhreastail ar thaispeántais agus ar imeachtaí inar ghlac foireann an OSFC páirt.

Ag deireadh 2011, rinne an Oifig dul chun cinn maith freisin maidir lena Lámhleabhar ar Chuideachtaí Bainistíochta Úinéirí Árasán a nuashonrú d'fhonn athruithe reachtaíochta a rinneadh le déanaí, go príomha san Acht um Fhorbairt IIAonad 2011 ('Multi-Unit Developments Act 2011'). Cé nach cuid den dlí cuideachtaí an tAcht seo agus nach bhfeidhmíonn an OSFC aon fheidhm chun é a fhorfheidhmiú, chuir sé athruithe suntasacha i bhfeidhm ar bhunú rialachas cuideachtaí bainistíochta cónaithe ónar theastaigh athdhreachtú suntasach codanna den Lámhleabhar bunúil. Tá súil leis go n-eiseofar an treoir leasaithe go luath in 2012.

### Seimineáir agus Taispeántais

Tá an OSFC in ann labhairt, saor in aisce, le grúpaí ar spéis leo maidir le hábhar an dlí cuideachtaí agus an chomhlíonta. Cuireann na seimineáir agus na comhdhálacha sin deiseanna ar fáil chun casadh le stiúrthóirí agus le páirtithe leasmhara cuideachta eile ar spéis leo foghlaim faoi na riachtanais um dhlí cuideachtaí agus faoi dhea-rialachas corparáideach.

Rinneadh 53 cur i láthair a thabhairt (52 i 2010) do bhreis agus 2,500 duine ar spéis leo ar na hábhair seo agus eile ábhartha. Tá fáil ar an liosta iomlán de chur i láthair ag **Aguisín 1.1.2**.

1 Fógra Cinnidh D/2011/1.

2 Fógra Cinnidh D/2002/1.

3 Tá fáil ar an Treoir nua seo den OSFC agus ar an uile Threoir Thapa eile faoi Fhoilseacháin Ghinearálta ar láithreán gréasáin an OSFC [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie).

4 Fógra Eolais I/2011/1.

5 Is gnách go n-eisíonn an OCC Treoir Thapa an OSFC um Stiúrthóirí Cuideachtaí ina bpaiciste do chuideachtaí nua.



*Comhairleoir Dlí an OSFC, Adrian Brennan (an chéad duine ar chlé), le foireann ó Oifig an SIP, ón BGIC agus ó Oifig an Ionchúisitheora Speisialta ón Íoslainn.*

Agus an OSFC ag freastal ar imeachtaí agus ag labhairt iontu, is tábhachtach go ndíríonn an OSFC ar líon príomh-spriocluacht éisteachta chun comhlíonadh a chinntiú. Ina measc seo tá an méid a leanas:

- daoine atá ag smaoineamh faoi ghnólachtaí nua a bhunú nó a rinne amhlaidh le gairid;
- idirghabhálaithe gairmiúla, cuntasóirí agus aturnaetha go príomha, trínar féidir teagmháil a dhéanamh le líonta i bhfad níos mó de chuideachtaí agus de stiúirthóirí agus iad a chur ar an eolas faoi thábhacht an chomhlíonta;
- mic léinn atá ag gabháil do chláir ghnó faoi láthair a dhéanann ionadaíocht don chéad ghlún eile de stiúirthóirí agus d'fhiontraithe cuideachta agus
- earnáil an phobail agus an earnáil dheonach, ina mbíonn stiúirthóirí deonacha go minic i gceist leis an bhfoireann agus ar gnách go dteastaíonn treoir uathu maidir le saincheisteanna rialachais chorparáidigh de bharr an scála bhig ar a n-oibríonn go leor de na haonáin seo.

Ó thráth go tráth, labhraíonn an Oifig le lucht éisteachta idirnáisiúnta a chuireann deis luachmhar ar fáil chun foghlaim faoi na cleachtais agus faoi na nósanna imeachta i ndlínsí eile. Thit cás amháin dá shamhail sin amach i 2011 nuair a d'fhoghlaim an Oifig ó Oifig an Ionchúisitheora Speisialta san Íoslainn faoi na cumhachtaí imscrúdaithe níos mó ar a bhfuil fáil sa dlínse sin chun coir thromchúiseach chorparáideach a fhiosrú. Rinneadh cur i láthair don toscaireacht a bhí ar cuairt, freisin, ó Oifig an Stiúirhóra Ionchúiseamh Poiblí (SIP), ó Bhiúró an Gharda um

Imscrúdú Calaoise (BGIC) agus ón OSFC (féach an pictiúr a ghabhann leis seo).

Ina theannta sin, lean an Oifig lena beartas lena mbaineann freastal ar réimse taispeántas i 2011. In ainneoin laghdú ar an líon de na himeachtaí sin de bharr coinníollacha geilleagracha, d'fhreastail foireann na hOifige ar 15 imeacht (19 i 2010), cuimsítear an liosta dóibh ag Agusín 1.1.3. I gcás go leor de na himeachtaí seo a bhí ar siúl i 2011, ní raibh aon táille le híoc orthu.

### Na Meáin

Is féidir leis na meáin feidhm thábhachtach a imirt maidir le luach an chomhlíonta agus cumas tionchair dhiúltaigh a thabhairt chun solais de bharr gníomhú agus an dlí á shárú, lena n-áirítear pionóis agus cailleadh clú. Aithníonn an OSFC an tábhacht lena mbaineann na meáin ina leith seo, agus sa mhéid is féidir leo, tá siad meáite ar chabhrú leis na meáin trí fhreagairt d'fhiosrúcháin, trí chur le hailt agus trí ráitis a scaoileadh maidir le hábhair ábhartha. Gníomhaíonn an Oifig, áfach, ag an uile thráth, chun meas a léiriú do dhaoine aonair agus do dhaoine eile a thagann os comhair na gCúirteanna, agus staonann siad ó nuashonruithe a eisiúint ar aon ghníomhaíocht imscrúdaithe nó forfheidhmithe dá bhféadfaidís dochar a dhéanamh d'aon ghníomhaíocht atá ar tí tarlú nó a d'fhéadfadh tarlú. Eisíonn an Stiúirthóir ráiteas poiblí ó thráth go tráth, áfach, sa chás go gcreideann sé go dteastaíonn ceann agus cásanna san áireamh inar tháinig deireadh le cás forfheidhmithe nó sa chás gur iontráil faisnéis áirithe san fhearann poiblí cheana.

# Understanding the responsibilities of a company director



**Q** My brother is setting up a company and has asked me to be a director. He says it doesn't involve much, but, while I want to support him, I am a bit worried about it. What are the responsibilities of a director?

**A** This is a good question because many people don't understand that being a company director does in fact involve serious responsibilities. It is great news that your brother is getting started in business and that you are happy to support him. Every company must have at least two directors and I imagine in this case

*An cuntasóir Jim Doyle ag freagairt ceisteanna ar dhlí cuideachtaí sa Sligo Champion i 2011.*

Ar an iomlán, eisíodh naoi ráiteas preasa i 2011, is féidir teacht ar shonraí fúthu ag **Aguisín 1.1.4**. Dhéileáil Kevin Prendergast, teagmhálaí sannta meán na hOifige, freisin, le cúpla céad fiosrúchán ó na meáin le linn na bliana.

Tá an OSFC sásta leis an díriú méadaithe i measc na meán, ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon, ar thábhacht chomhlíonadh dlí cuideachtaí. Tugtar thuas sampla amháin de cholún um chomhairle ghairmiúil a d'eascair sna nuachtáin ar fud na tíre.

## Fógraíocht agus Taighde Margaidh

Mar thoradh ar dhíbirt caiteachas neamhriachtanach le spreagadh an Rialtais, lean an Oifig agus caiteachas a chiorrú ar phoiblíocht, fógraíocht agus ar thaighde margaidh i 2011. Níl aon dul as ach go mbeidh drochthionchar ag an mbeartas seo ar chumas leantach na hOifige chun leibhéil feasachta i measc páirtithe leasmhara cuideachta a ardú san fhadtéarma.

## Na Meáin Shóisialta

Thit fairsingiú amach i 2011 ar lorg meán sóisialta na hOifige. Is féidir an OSFC a leanúint anois ar Twitter, Facebook agus ar Linked-In, agus tá láithreachtaí acu ar Google+ freisin. Úsáidtear an láithreachta seo chun feasacht a mhúscailt ar fhorbairt ar dhlí cuideachtaí, d'fhonn gníomhaíocht forfheidhmithe an OSFC a thabhairt chun solais agus leis an lucht leanta a chur ar an eolas faoi aon fhoilseacháin nua mar aon le himeachtaí agus taispeántais ag a mbeidh an OSFC i láthair. Mheall an Oifig breis agus 220 de lucht leanta thar an uile ardán faoi dheireadh 2011.

## Fiosrúcháin Phoiblí

Oibríonn an OSFC seirbhís freagartha fiosrúchán le dul i ngleic le ceisteanna ginearálta lena mbaineann dlí cuideachtaí a d'fhéadfadh bheith ag muintir an phobail. Is éard atá i gceist leis an tseirbhís seo mír Cheisteanna a Fiafraítear go Minic (CFM) ar láithreán gréasáin an OSFC a dhéantar a nuashonrú ar bhonn leanúnach. Mar aon le lógáil ar an láithreán gréasáin agus dul i dteagmháil leis an Oifig ar an nguthán, is féidir leis an bpobal a bhfiosrúcháin a sheoladh ar aghaidh chuig [info@osfc.ie](mailto:info@osfc.ie).

Láimhseálann foireann fáiltithe an OSFC comhréir mhéadaitheach de na fiosrúcháin, agus d'fhéadfadh atreorú chuig an mír CFM nó chuig foilseacháin eile ar an láithreán gréasáin, atreorú chuig comhlacht eile ábhartha nó treoir de chineál ginearálta a thabhairt bheith san áireamh sa fhreagairt.

Sa chás go bhfaightear fiosrúcháin óna dteastaíonn freagairt níos ciallmhaire, cuirtear iad seo faoi bhráid fhoireann chomhlíonta na hOifige lena mbreithniú agus lena bhfreagairt. Le linn 2011, dhéileáil an tAonad Comhlíonta le 152 fiosrúchán, agus sonraítear sampla díobh seo i **Léaráid 1.1.1** a leanas.

## Fosprioc 1.2: Ár gCaidreamh le Páirtithe Leasmhara a Fhairsingiú

Sa mhullach ar idirghníomhú le muintir an phobail, téann an OSFC i dteagmháil le réimse fairsing de pháirtithe leasmhara, a bhfuil feidhm acu uile san OSFC nó a chabhraíonn leis an OSFC lena gcuid oibre chun leibhéil chomhlíonta a ardú. Go héifeachtach, bronann an tOireachtas, an Rialtas agus an Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta (RPFN) a gcumhachtaí agus a n-acmhainní ar an OSFC. Baineann ríthábhacht le tacaíocht na Roinne maidir le cabhrú leis an Oifig a sainchúram a chomhlíonadh.

Ina theannta sin, téann an Oifig i dteagmháil le réimse páirtithe leasmhara eile, a bhfuil go leor díobh san earnáil phoiblí agus i gcomhlachtaí a dhéanann ionadaíocht don phobal gilleagrach níos fairsinge. Ar mhaithe le tacú leis an Oifig lena gcuid oibre iad na gníomhaíochtaí seo. Leagtar amach méid an idirghníomhaithe seo i 2011 thíos.

Léaráid 1.1.1: Sampla de na Fiosrúcháin Phoiblí lenar dhéileáil an Oifig i 2011

Cineál an Fhiosrúcháin	An Fhreagairt a Tugadh
Níorbh fhéidir le cuideachta phríobháideach theoranta cruinnithe ginearálta bliantúil (CGBanna) a chur ar bun de bharr córaim agus saincheistanna eile. D'fhiosraigh iniúcháir na cuideachta an raibh oibleagáid tuairiscithe don OSFC.	Ní ann d'aon oibleagáid tuairiscithe ar iniúcháir maidir le mainneachtain CGBanna a chur ar bun. <sup>6</sup> Ba cheart don iniúcháir, áfach, breithniú a dhéanamh arb ann d'aon chionta eile ag an gcuideachta nó ag aon chinn dá hoifigigh nó gníomhairí a d'fhéadfadh bheith intuairiscithe. <sup>7</sup>
Theastaigh soiléiriú ó ghlaiteoir maidir le duine a bhí ina stiúrthóir dícháilithe i ndlínse eile agus cibé acu an raibh aon impleachtaí ag an dícháiliú seo dá stiúrtóireachtaí Éireannacha.	Ní mór do dhuine atá dícháilithe i ndlínse eile a d(h)ícháiliú a nochtadh do Chláraitheoir na gCuideachtaí nuair a cheaptar iad mar stiúrthóir de chuideachta <sup>8</sup> reatha atá cláraithe in Éirinn nó de chuideachta atá ionchorpraithe le déanaí <sup>9</sup> . Má theipeann air/uirthi é seo a dhéanamh, dícháileofar iad go huathoibríoch ó ghníomhú mar stiúrthóir sa Stát. <sup>10</sup> Sa chás go ndéantar nochtadh, is féidir leis/léi gníomhú mar stiúrthóir, áfach, mura ndícháileofar é/i agus go dtí go ndícháileofar é/i ag an Ard-Chúirt. D'fhéadfadh seo tarlú má chinneann an OSFC gur gá an Chúirt a achainiú do dhícháiliú an duine sa Stát de bharr chúinsí an dícháilithe iasachtaigh. <sup>11</sup>
D'fhiosraigh scairshealbhóir cuideachta atá liostáilte ar Stocmhalartán na hÉireann an raibh sé de cheart aige/aici miontuairiscí cruinníú stiúrthóirí a fheiceáil.	Tá scairshealbhóirí i dteideal imscrúdú a dhéanamh ar na miontuairiscí uile den uile chruinníú ginearálta den chuideachta. <sup>12</sup> Níl sé de cheart go huathoibríoch acu, áfach, miontuairiscí cruinnithe stiúrthóirí a rochtain, mura gceadaíonn na hAirteagail Chomhlachais den chuideachta an rochtain sin dóibh.

## Cruinníú Airí

I Meitheamh 2011, chas an Stiúrthóir leis an Aire Bruton agus thug dó faisnéis maidir le hobair na hOifige (lena n-áirítear imscrúdú agus dócmhainneacht cuideachta Bhanc Angla-Éireannach), agus phléigh siad a gcuid tuairimí ar ábhair ghinearálta lenar bhain an Oifig, lenar áiríodh leordhóthanacht na reachtaíochta maidir le dul i ngleic le mí-iompar a bhfuiltear in amhras air agus é a dhíspreagadh.

Ina theannta sin, ghlac an tAire leis an deis, níos déanaí sa bhliain, chun casadh le foireann an OSFC ina n-oifig i gCearnóg Parnell.

## An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Lean an tacú leis an Roinn le linn 2011. B'ann do chruinníú foirmiúil amháin i bhFómhair 2011 idir an lucht bainistíochta sinsearach den OSFC agus leis na daoine a bhí ar chomhcheim leo sa Roinn, agus rinneadh athbhreithniú áisiúil ar dhul chun cinn na hOifige agus ar dhúshlán amach anseo. Ina theannta sin, d'fhreastail oifigigh shinsearacha den OSFC go rialta ar chruinnithe Roinne agus rinne siad plé ar shaincheistanna oibríochtrúla de réir mar a d'eascair siad. Sa mhullach air sin, déanann foireann na hOifige iarrachtaí gach seachtain tabhairt faoi iarrataí ón Roinn ar fhaisnéis ghinearálta.

## Grúpa Oibre an RPFN um thodhchaí na gCaighdeán Cuntasaíochta

Ghlac an Oifig páirt i líon cruinnithe den Ghrúpa seo a dhéanann breithniú ar impleachtaí na gluaiseachta níos fairsinge i dtreo Caighdeán um Thuairiscíú Idirnáisiúnta Airgeadais a ghlacadh agus na tograí iarmhartacha do chaighdeán leasaithe tuairiscithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta (BCC) a shocraigh caighdeán amach go stairiúil don dlínse seo.<sup>13</sup>

6 Níl ach cionta indiotáilte a bhfuiltear in amhras orthu faoi Achtanna na gCuideachtaí intuairiscithe ag iniúcháirí don OSFC. Ní cion indiotáilte é gan CGB a chur ar bun faoi Alt 131 d'Acht na gCuideachtaí 1963. Is féidir leis an OSFC, áfach, cur ar bun CGB a ordú ar iarraidh baill/ scairshealbhóra.

7 Alt 194(5) d'Acht na gCuideachtaí 1990.

8 Alt 195(8) d'Acht na gCuideachtaí 1963 arna leasú ag Alt 91(a) den Acht um Fhorfeidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001.

9 Alt 3A d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 arna leasú ag Alt 101 den Acht um Fhorfeidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001.

10 Alt 160(1A) d'Acht na gCuideachtaí 1990.

11 Alt 160(2)(i) d'Acht na gCuideachtaí 1990.

12 Alt 146 d'Acht na gCuideachtaí 1963.

13 Tá fáil ar bhreis faisnéise faoi na tograí um thodhchaí an tuairiscithe airgeadais ar a bhfuil breithniú á dhéanamh ag an ASB ag: <http://www.frc.org.uk/asb/technical/projects/gaap.cfm>.

## Grúpa Athbheithnithe um Dhlí Cuideachtaí (GADC)

Ball reachtúil den GADC is ea an Stiúrthóir. Tá Clár Oibre 2010-2012<sup>14</sup> á chur i dtoll a chéile ag an nGrúpa faoi láthair agus bhunaigh siad naoi gcoiste le roinnt ábhar a chur chun cinn. Déantar ionadaíocht d'fhoireann an OSFC ar chúig cinn de na coistí seo a dhéanann breithniú chomh maith ar na hábhair a leanas:

- cailleadh cánacha múinéacha a eascraíonn ó mhí-úsáid dliteanais theoranta;
- glacadh le samhail UNCITRAL maidir le dócmhainneacht trasteorann;
- ionadaíocht chuideachta os comhair na gcúirteanna;
- Tionól an OECD maidir le breabaireacht oifigeach poiblí iasachta a chomhrac agus
- cionta áirithe faoi Achtanna na gCuideachtaí.

De bharr tiomantais fhorluiteacha bhall, níorbh fhéidir le gach coiste tús a chur le hobair láithreach, ach rinne líon díobh dul chun cinn suntasach ag deireadh 2011. Leanfaidh foireann an OSFC le cur le hobair an GCAD in 2012. Tá fáil ar Thuarascálacha Bliantúla an Ghrúpa ar a láithreán gréasáin, [www.clrg.org](http://www.clrg.org).

## Údarás Maoirseoireachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (UMICE)

Tá an Stiúrthóir mar bhall agus mar stiúrthóir den Údarás, agus d'fhreastail sé ar fhormhór de chruinnithe sceidealaithe an Údaráis i 2011. Beidh cóip de Thuarascáil Bhliantúil an Údaráis do 2011 ar fáil ag [www.iaasa.ie](http://www.iaasa.ie) i lár 2012.

Ar leibhéal oibríochtaí, chuaigh an OSFC agus an UMICE i dteagmháil lena chéile go rialta maidir le hábhair lenar bhain comhleas i rith 2011. I measc na teagmhála seo bhí nochtadh faisnéise lenar bhain sainchúram reachtúil gach comhlachta. Thit cruinniú foirmiúil amháin amach idir lucht bainistíochta gach comhlachta le linn na bliana.

## An Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC)

Tá feidhm thábhachtach ag an OCC i gcabhrú leis an OSFC ina gcuid gníomhaíochtaí imscrúdaithe agus forfheidhmithe. Baintear úsáid laethúil as bunachar sonraí fairsing faisnéise an OCC faoi chuideachtaí agus faoi oifigigh chuideachta. Sa chás gur cuí, déanann foireann an OCC cáipéisí a dheimhniú freisin, agus déanann siad mionnscribhinní a mhionnú in imeachtaí an OSFC. Ina theannta sin, comhoibríonn an dá Oifig ó thráth go tráth maidir le hábhair lena mbaineann comhleas.

Bhí an rath ar thabhairt isteach socrúithe feabhsaithe i rith 2011 le comhdú fáltais bhliantúla chuideachtaí a dhíspreagadh agus a bhrath ag a raibh tuarascálacha iniúchta a shínigh iniúcháirí neamhcháilithe nó ar a raibh sínithe bréagacha iniúcháirí cáilithe. Bhí an dealramh air go raibh an rath ar bhearta a tugadh isteach i gcomhar le gairm na cuntasaíochta maidir le dul i ngleic le tromlach an mhí-iompair. Lean an OSFC orthu, áfach, agus imscrúdú á dhéanamh acu ar chásanna de mhí-iompar measta a fhad le cúiseamh coiriúil agus é sin san áireamh.

Ag deireadh na bliana, bhí an Oifig i mbun plé leis an OCC i dtaobh na n-impleachtaí reachtúla i leith fianaise mhaith i measc imeachtaí forfheidhmithe úsáid níos fearr a bhaint as comhdú leictreonach.

## Comhlachtaí Cuntasaíochta

Chas an Stiúrthóir agus a bhaill foirne le lucht bainistíochta sinsearach na mórchomhlachtaí cuntasaíochta faoi dhó i 2011 d'fhonn ábhair chomhleasa a phlé. I measc na n-ábhar ar a ndearnadh plé bhí reachtaíocht fhéideartha sceithireachta, rialú dócmhainneachta, an tAcht Ceartais Choiriúil 2011, taithí na hOifige um fheidhmíocht iniúchta agus tionchar féideartha thograí an Choimisinéara Barnier ar thodhchaí an iniúchta.

Ina theannta sin, d'oibrigh an Oifig le gairm na cuntasaíochta trí ghrúpa teagmhála teicniúla a chas le chéile líon uaireanta i rith na bliana. Ba é príomhlimistéar na hoibre tabhairt chun críche cáipéis phrótacail ina dtugtar breac-chuntas ar a bhfuil coinne leis ón Oifig agus ó na hiniúcháirí araon nuair a chuireann iniúcháirí tuarascálacha i dtoll a chéile ar chionta indíotáilte a bhfuil in amhras orthu faoi Achtanna na gCuideachtaí don OSFC. Foilseofar seo i 2012.

<sup>14</sup> Tá fáil ar an gclár nua oibre don GCAD ag: [http://www.clrg.org/cuuploads/edorfile/CLRG Work Programme 2010-2012.pdf](http://www.clrg.org/cuuploads/edorfile/CLRG%20Work%20Programme%202010-2012.pdf).

## An Bord um Chleachtais Iniúchta – Coiste Comhairliúcháin Éireannach

I rith na bliana, ar ordú an Bhoird um Chleachtais Iniúchta (BCI), bhunaigh Cuntasóirí Cairte in Éirinn (CCE) Coiste Comhairliúcháin Éireannach foirmiúil le teacht le chéile agus lena chur in iúl don BCI na tuairimí agus na hábhair bhuartha atá ag an uile pháirtí ábhartha ar spéis leo iniúchadh. Thionóil an Coiste, ar a ndéantar ionadaíocht don OSFC, faoi dhó le breithniú a dhéanamh, i measc ábhar eile, ar na tograí le haghaidh athstruchtúru na Financial Reporting Council (FRC) sa RA agus ar a impleachtaí don BCI.<sup>15</sup>

## Biúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise (BGIC)

Is mór an lámh chúnta a thugann láithreach bhuan ochtar Garda-Bhleachtairí a thugtar ar iasacht ón BGIC d'obair imscrúdaithe agus forfheidhmithe na hOifige, agus b'ann don ghá teagmháil rialta a dhéanamh idir foireann an OSFC agus an BGIC maidir le hábhair foirme lenar bhain comhleas i rith 2011. Chas an OSFC agus an BGIC go foirmiúil líon uaireanta, go háirithe, lena gcomhimscrúdú ar imeachtaí a phlé ag iar-Bhanc Angla-Éireannach.

## An Banc Ceannais

Lean an Banc Ceannais agus an OSFC le dul i dteagmháil lena chéile go dlúth i rith 2011 faoi théarmaí a Meabhráin Tuisceana chomhaontaithe. Rinneadh cumarsáid fhoirmiúil faoi fhaisnéis faoi rún nó faoi fhaisnéis eile maidir le naoi n-ábhar ar leith, ina measc bhí Tuarascáil Chigire na hArd-Chúirte ar ghníomhaíochtaí áirithe i gCustom House Capital Ltd.<sup>16</sup>

Go luath i 2011, ghlac an Oifig agus líon comhlachtaí eile ábhartha páirt i gCruinniú Comhchéime Rialachais Chorparáidigh ar a raibh an Banc Ceannais ina n-óstach d'fhonn plé a dhéanamh ar a dtograí rialúcháin sa limistéar seo. Níos déanaí sa bhliain, d'fhreastail foireann ó Stiúirhóireacht Forfheidhmithe nua-fhairsingthe an Bhainc Cheannais ar an Oifig agus thug siad léargas ar a struchtúr nua agus ar an modus operandi beartaithe. D'eascair

comhfhreagras leantach as seo idir an dá údarás maidir le hábhair áirithe a d'eascair as an gcur i láthair.

## Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Leanann na Coimisinéirí Ioncaim le bheith ina gcomhpháirtí tábhachtach don Oifig maidir lena bhfeidhmeanna a dhíscaoileadh. Ar an iomlán, mhalartaigh an dá Oifig faisnéis faoi thart ar 30 cuideachta agus iar-chuideachta i 2011 (92 i 2010). Sheol Oifig amháin 22 ceann de na cásanna seo as a stuaim féin chuig an Oifig eile ar mhaithe le gníomhaíocht fhéideartha bhreise.

Bhí foráil san Acht Airgeadais 2011 ina príomhchúis leis an laghdú seo ar mhalartuithe faisnéise, nach raibh cur amach ag an OSFC air sular achtaíodh é, ar an drochuair. Leag an fhoráil seo srian ar an méid faisnéise de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim is féidir leis an OSFC a fháil agus a úsáid de cheart, agus tá drochimpleachtaí á n-imirt aige seo ar obair imscrúdaithe agus forfheidhmithe na hOifige. Bhí breithniú fós á dhéanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim agus ag an Roinn Airgeadais ag deireadh na bliana ar aighneacht ón OSFC inar lorgaíodh go réiteofaí an laige reachtaíochta seo ag luathdháta.

## Comhlachas Idirnáisiúnta na Rialtóirí Dócmhainneachta (CIRD)

Tá an OSFC ina mball den CIRD ó 2003 i leith, agus feidhmíonn an Stiúirhóir anois ar a gCoiste Feidhmiúcháin. D'fhreastail an Stiúirhóir ar Chomhdháil Bhliantúil an Chomhlachais i nGeirsí i Meitheamh inar comhaontaíodh a gclár oibre don bhliain amach rompu. Bheartaigh an Comhlachas lena gcumarsáid a nuashonrú féachaint, go háirithe, le leibhéal níos mó de chomhoibriú agus de theagmháil a bhaint amach i measc na mball maidir le saincheisteanna beartais agus oibríochtúla. Is éard atá i gceist le cuid den straitéis seo láithreán gréasáin nua a fhorbairt, agus bhíothas ag tabhairt faoin obair bhainteach ag deireadh na bliana.

## Fosprioc 1.3: Dul i gCion ar Fhorbairt Beartas

Cabhraíonn taithí an OSFC maidir le forálacha Achtanna na gCuideachtaí a fhorfheidhmiú leo cur le léargas fiúntach isteach sa tionchar oibríochtúil atá ag an reachtaíocht go ginearálta. I 2011, thug an Oifig ráiteas substaintiúil ar líon forbairtí beartaithe ar bheartas agus ar reachtaíocht.

15 Tá fáil ar bhreis faisnéise ar athstruchtúru an FRC ag: <http://www.frc.org.uk/about/fcreform.cfm>.

16 Tá fáil ar chóip den tuarascáil ón mBanc Ceannais ag: <http://www.centralbank.ie/press-area/press-releases/documents/custom-house-capital-final-report-redacted-website.pdf>.

## Aighneachtaí an OSFC i leith Bhille na gCuideachtaí a Bheartaítear<sup>17</sup>

Rinne an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta dul chun cinn suntasach maidir le Bille nua na gCuideachtaí a dhréachtú (An Bille um Chomhdhlúthú agus Leasú na gCuideachtaí roimhe seo) i rith 2011. Tá fáil ar an gcéad chuid den Bhille ina dtugtar breac-chuntas ar an dlí beartaithe infheidhme do chuideachtaí príobháideacha ar láithreán gréasáin an RPFN.<sup>18</sup>

I 2011, chuir an Oifig ráitis ar fáil ar an méid a leanas:

- Cuid 11 den dréacht (Foirceannadh). Rinne an OSFC dhá aighneacht ar leith sa chuid seo, ina raibh aighneacht shonrach amháin faoi théacs na Coda beartaithe agus aighneacht ar leith uileghabhálach inar leagadh amach líon tograí a dearadh d'fhonn feabhas a chur ar fheidhmiú praiticiúil an Bhille;
- Cuid 6 den dréacht (Ráitis Airgeadais, Tuairisceáin Bhliantúla agus Iniúchadh). Ba ghearr agus achoimreach do ráitis an OSFC agus de bharr na tréimhse giorra a ceadáíodh le freagairt ar an dréacht-Chuid.

Tá sé ar intinn ag an OSFC leanúint agus ionchur substaintiúil a chur ar fáil do dhréachtú an Bhille féachaint lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an reachtaíocht deiridh a cuspóir.

## An tAcht Ceartais Choiriúil 2011

Sular achtaíodh an tAcht Ceartais Choiriúil i 2011, rinne an OSFC aighneacht chuimsitheach ar an dréacht-Bhille chuig an Roinn Dlí agus Cirt. Áiríodh leis an aighneacht líon pointí agus moltaí mionsonraithe lenar bhain foclaíocht beartaithe alt áirithe den Acht. Chabhraigh foráil den Acht seo, a thug an Oifig an ráiteas ina leith, leis an Oifig ina n-imscrúdú ar imeachtaí ag iar-Bhanc Angla-Éireannach go déanach i 2011.<sup>19</sup>

## Páipéar Comhairliúcháin an Bhainc Cheannais um Oiriúnacht agus Ionracas

Le linn na bliana, d'eisigh an Banc Ceannais Páipéar Comhairliúcháin CP 51 maidir leis an Réimeas Oiriúnachta agus Ionracas a chuimsítear i gCuid 3 d'Acht do Leasú Acht an Bhainc Cheannais 2010.<sup>20</sup> Ina bhfreagairt ar an bPáipéar Comhairliúcháin, bhraith an OSFC go raibh na caighdeáin beartaithe ró-dhian, go háirithe i gcomhthéacs na dócmhainneachta corparáidí, agus gurbh fhearr breithniú níos cúramaí a dhéanamh ar na fíricí áirithe lena mbaineann cás ar leith ar bith. Mar shampla, d'esaontaigh an Oifig leis na forálacha maidir le sláine airgeadais a thug le tuiscint gurb éard a eascródh as baint a bheith in aon chuideachta dhócmhainneach (seachas ar 'leibhéal sóisearach') ná go measfaí gur neamhábalta do dhuine a bheith bainteach le haonán ceadúnaithe. Léirigh an Oifig a mbuairt faoi chur i bhfeidhm cur chuige dá mhacasamhail i leith daoine a dearbhaíodh go raibh siad féimheach ag aon tráth. Ina n-aighneacht, bhí sé ina agóid ag an OSFC gur theip ar an gcur chuige beartaithe seo idirdhealú a dhéanamh idir bheith ionraic agus neamhionraic nó nó teip phearsanta airgeadais.

## Aighneacht um Bille an Bhainc Cheannais (Maoirseacht agus Forfeidhmíú) 2011<sup>21</sup>

I 2010, rinne an Oifig aighneacht mhionsonraithe i leith na ndrúacht-Teideal den Bhille beartaithe, agus rinneadh líon de mholtaí na cáipéise sin a ionchorprú isteach sa Bhille tráth a fhoilsithe. In aighneacht bhreise acomhair i leith an téacs i 2011, phléigh an Oifig an soláthar lenar bhain idirghníomhú idir an Banc Ceannais agus comhlachtaí rialála eile, agus tairgeadh ráiteas ar chásanna ina bhféadfadh an friotal a úsáideadh bheith comhsheasmhach le ceanglais eile reachtúla dá samhail atá i bhfeidhm cheana féin nó atá beartaithe i ndlí cuideachtaí.

17 Tá fáil ar struchtúr beartaithe agus ar Theidil an Bhille ón nGrúpa Athbhreithnithe um Dhlí Cuideachtaí ag <http://www.clrg.org/companies-bill.aspx>.

18 Tá fáil ar an dréacht den mhír seo den Bhille ag <http://www.djei.ie/commerce/companylawreview/companiesbill.htm>.

19 Ritheadh an tAcht Ceartais Choiriúil dá éis sin sa dlí an 9 Lúnasa 2011, agus is féidir teacht air ag <http://www.irishstatutebook.ie/2011/en/act/pub/0022/index.html>.

20 Tá fáil ar an bPáipéar Comhairliúcháin ar láithreán gréasáin an Bhainc Cheannais ag <http://www.centralbank.ie/regulation/poldocs/consultation-papers/Documents/CP51%20The%20Fit%20and%20Proper%20Regime%20in%20Part%203%20of%20the%20Central%20Bank%20Reform%20Act%202010/CP51%20The%20Fit%20and%20Proper%20Regime%20in%20Part%203%20of%20the%20Central%20Bank%20Reform%20Act%202010.pdf>.

21 Tá fáil ar chóip den Bhille ag <http://www.oireachtas.ie/documents/bills/28/bills/2011/4311/B4311D.pdf>.

## Páipéar Glas an Choimisiúin Eorpaigh um Chreatlach Rialachais Chorporáidigh an AE<sup>22</sup>

Bhí na ráitis a leanas cuimsithe i bhfeagairt an OSFC ar an bPáipéar Glas seo:

- níor thacaigh an Oifig le cur chuige céimnithe i leith rialachas corparáideach i measc aonáin liostáilte;
- mhol an Oifig gur cheart go mbainfeadh ceanglais áirithe rialachais chorporáidigh le cuideachtaí móra príobháideacha a chomhdhéanann gné shuntasach de thimpeallacht gheilleagraich na hÉireann;
- thug an Oifig rabhadh ginearálta i leith rialú foirmiúil a dhéanamh sa dlí ar an iomarca ceanglais rialachais chorporáidigh i limistéir ar nós na hearcaíochta agus na héagsúlachta;
- thacaigh an Oifig le measúnú feabhsaithe a dhéanamh ar an mbord agus nochtadh breise i limistéir ar nós luach saothair;
- thacaigh an Oifig le freagracht fhoirmiúil a leagan ar bhoird as 'fonn riosca' agus as a chinntiú gur cuí do na socrúithe um bainistíocht riosca. Sa mhullach air sin, ba cheart d'iniúcháir tuairisciú a dhéanamh ar leordhóthanacht na socrúithe seo;
- ar deireadh thiar, thug an Oifig rabhadh i leith feidhme a thabhairt do rialtóirí maidir le ráitis rialachais chorporáidigh a bheachtú d'aonáin rialaithe agus aird ar chineál suibhachtúil go leor de na ráitis, an gá le saineolas sonrath i réimse limistéar agus ar an bhféidearthacht go mbeadh ualach oibre comhthorthach suntasach breise i gceist.

## Plépháipéar ar Sheirbhísí an Choimisiúin um Measúnú Iar-Iniúchta ar an bPáipéar Glas um Iniúchadh

I 2010, rinne an Oifig aighneacht mhionsonraithe chuig Páipéar Glas an CE um Beartas Iniúchta.<sup>23</sup> Ina n-aisfhreagairt ar an bPlépháipéar seo, luaigh an OSFC a ráitis athuair lenar bhain an gá le feabhas a chur ar chleachtas reatha iniúchta seachas sainchúram na n-iniúcháirí a fhairsingiú. Rinne an Oifig nóta de na dúshláin shuntasacha a chruthódh ceanglais ar ghnóthais iniúchta amháin, agus freisin ar chomhiniúchtaí. Thacaigh an Oifig le rothlú éigeantach iniúcháirí agus freisin le

ceanglas go nglacfaí Caighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh san AE. Ar deireadh, chomhaontaigh an Oifig gur cheart go gcuirfí ceanglais nach bhfuil chomh dochraideach céanna i bhfeidhm maidir le hiniúchadh aonán leasa neamhphoiblí.

## Glaoch ar Fhianaise Fhiosrúchán Sharman – Buairt Leanúnach agus Rioscaí Leachtachta: Ceachtanna do Chuideachtaí agus d'Iniúcháirí<sup>24</sup>

Sa Ríocht Aontaithe, leagadh an tasc ar Lord Sharman breithniú a dhéanamh ar an tsaincheist seo agus aisfhreagairt le tograí. In aisfhreagairt an OSFC ar pháipéar an Fhiosrúcháin, tugtar faoi deara gurb í an ghné is tábhachtaí maidir le haon chaighdeán, bíodh siad ina gcaighdeán reatha nó bheartaithe, ná a gcur i bhfeidhm éifeachtach agus comhsheasmhach. Thug an Oifig faoi deara gur léirigh siad a mbuairt faoi ghairm na cuntasáíochta i gcásanna roimhe sin lenar bhain cuideachtaí a réitigh ráitis airgeadais ar bhonn leanúnach, agus inar thit an bonn as na cuideachtaí sin go gairid ina dhiaidh sin agus mórfhiacha le híoc acu d'ainneoin go raibh tuarascáil ghlan iniúchta arna tabhairt do na ráitis airgeadais ba dhéanaí. Thug an Oifig faoi deara, go háirithe, gurbh ann go minic d'ábhair suntasacha amhrais maidir le luacháil sócmhainní faoina shamhail de chúinsí.

Ina theannta sin, mhol an Oifig go n-aistreofaí amach ó théacs caighdeánach réamhshocraithe i dtuarascálacha stiúirthóirí ar ghnóthas leantach agus mhol sí go bhféadfadh 'ráiteas cistithe' ar leith bheith áisiúil seachas an seasamh reatha ina n-ionchorpraítear an struchtúr cistithe sna ráitis reatha airgeadais.

Níos déanaí sa bhliain, d'eisigh an Fhiosrúchán Réamhthuarascáil agus d'iarr siad ar thuairimí. Thug an OSFC tacaíocht fhairsing dá gconclúidí a léirigh go páirteach roinnt de na tuairimí a bhí ag an OSFC níos luaithe.

## Ábhair Eile

Sa mhullach ar a n-aisfhreagairtí féin foirmiúla, chuir an Oifig le réimse aisfhreagairtí ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta maidir le hábhair fhairsinge, lena n-áirítear Treoir um Fhrithsciúradh Airgid arna heisiúint ag Cuntasóirí Cairte in Éirinn, tograí an AE maidir le micrea-aonáin agus Plépháipéar CE maidir leis an gCreatlach Rialachais Chorporáidigh.

<sup>22</sup> Tá fáil ar chóip den Pháipéar Uaine ag [http://ec.europa.eu/internal\\_market/company/docs/modern/com2011-164\\_en.pdf](http://ec.europa.eu/internal_market/company/docs/modern/com2011-164_en.pdf).

<sup>23</sup> Féach Léaráid 1.1.1 i dTuarascáil Bhliantúil 2010.

<sup>24</sup> Tá fáil ar bhreis faisnéise ar Fhiosrúchán Sharman ag: <http://www.frc.org.uk/about/sharmaninquiry.cfm>.



## Conclúid

In ainneoin na dteorainneacha ar a n-acmhainní, léirigh 2011 bliain eile inar baineadh go leor leor amach don Oifig agus í ag gabháil dá sainchúram comhlíonta. Lean an OSFC agus béim á leagan ar an ngá go bhfeabhsaíonn cuideachtaí agus stiúrtóirí a leibhéal chomhlíonta, agus bhí sí faoin tuairim gurb é an bealach is fusa dóibh é seo a bhaint amach faisnéis a fháil faoina bhfreagrachtaí agus faoi chinntiú go mbíonn siad cothrom le dáta i gcónaí maidir le hathruithe agus forbairtí de réir mar a thiteann siad amach.

Ar aon dul leis seo, thacaigh an Oifig le comhlíonadh trí idirghníomhú rialta le páirtithe leasmhara eile agus sa chás gur theastaigh sé agus gur chuí, trí dhul i gcion ar na páirtithe sin a bhí freagrach as beartas a fhorbairt sa limistéar seo. Tugann an méid roimhe seo blaiseadh de réimse na ngníomhaíochtaí faoinar thug an Oifig mar chuid dá clár comhlíonta i 2011.

Sa chás nach mbíonn aird ag cuideachtaí, stiúrtóirí cuideachtaí agus ag páirtithe leasmhara eile, áfach, ar an teachtaireacht seo, tá an baol ann go gcuirfí smachtbhannaí orthu. Leagtar amach sa chéad mhír eile den Tuarascáil seo conas a d'fhreagair an Oifig do na gearáin agus do na tuairiscí de mhí-iompar i rith 2011.

## Spríoc 2: Dul i nGleic le hIompar Neamhdhleathach agus Mífhreagrach um Dhlí Cuideachtaí

### Réamhrá

Lean an timpeallacht dhúshlánach a chruthaigh méadú 31% ar chásanna a cuireadh faoi bhráid an OSFC i 2010 ar aghaidh isteach i 2011. Den chuid is mó, b'ionann an líon saincheisteanna a fuair an Oifig i 2011 agus an líon a fuarthas sa bhliain roimhe sin.

### Léargas Staitistiúil ar Thuarascálacha agus ar Ghearáin

Fuarthas nach mór 2,000 cás nua le linn na bliana, arb ionann seo agus an líon a fuarthas i 2010. Amhail a dtugtar breac-chuntas air in **Aguisín 2.1**, is é an t-aon chomhábhar is mó méid na dtuarascálacha tosaigh (66% de na cásanna uile nua) a fuarthas ó leachtóirí cuideachtaí dócmhainneacha.

Cé go leanann méid na gcásanna nua le dúshlán shuntasacha oibre agus acmhainní a chruthú, d'éirigh leis an Oifig le breis agus 1,900 cás a chur i gcrích i 2011, ar méadú 7% é seo ar 2010. B'ionann líon na saincheisteanna a bhí idir lámha ag deireadh na bliana agus beagán de bhreis ar 1,000, arb ionann seo agus líon na bliana roimhe sin. Cuirtear in **Aguisín 2.2** breis faisnéise ar fáil faoi thréchar na gcásanna i 2011, agus sainaithnítear in **Aguisín 2.3** an bunbhonn ar ar dhún an OSFC na cásanna.

Sainnítear in **Aguisín 2.4** na hearnálacha geilleagracha lenar bhain na cuideachtaí dócmhainneacha a tuairiscíodh chuig an OSFC i 2011. Bhí 47% díobh sna hearnálacha foirgníochta agus mórdhíola, a léirigh go leanann na sagsanna seo gnólachtaí bheith thíos go mór leis an gcúlú reatha geilleagrach.

Amhail is léir ó **Aguisín 2.5**, b'éastát agus cíos a bhí i gceist arís leis an bpríomhearnáil do thuarascálacha iniúchóra

agus poiblí agus do ghearáin eile chuig an Oifig i 2011, arb ionann agus 14% den líon iomlán iad. I gcomhthráth, ba laghdú seo a rabhtas sásta leis ar an 33% de ghearáin a cuireadh i dtaifead don earnáil seo i 2010, cé go raibh méadú le sonrú arís ar ghearáin i dtreo dheireadh na bliana. Léiríonn an 13% de ghearáin a rangáíodh sa chatagóir 'ní cuideachta í go mbaimeann go leor de na gearáin le daoine aonair, ainmneacha gnólachta, comharchumain, comhair chreidmheasa agus trádálaithe aonair.

### Leachtú Sócmhainneach agus Dócmhainneach

Mar thoradh ar an gcúlú tromchúiseach geilleagrach, lean an bonn ag titim as cuideachtaí ar ardleibhéal i 2011. Amhail is léir ón tábla a leanas, seo an tríú bliain as a chéile inar sháraigh líon an leachtaithe dhócmhainnigh (leachtú creidiúnaithe agus Cúirte) 1,000. Agus go leor frontar faoi bhrú leantach airgeadais, ní dócha go bhfillfidh cúrsaí go ceann tamall maith chuig an gcaoi sách gnách a bhíodh siad in 2008 nuair a chuaigh beagán de bhreis ar 600 cuideachta chun leachtaithe. Tháinig méadú 17% ar leachtú sócmhainneach (leachtú ball) anuraidh ó 899 go dtí 1,054, ar filleadh seo ar na leibhéil a bhí le sonrú roimh 2010.

### Cuideachtaí Dócmhainneacha ar a bhfuil Leachtú á dhéanamh go hAinmniúil

Ar feadh roinnt blianta, tá monatóireacht á déanamh ag an OSFC ar mhínicíocht cuideachtaí dócmhainneacha ar a bhfuil leachtú á dhéanamh go hainmniúil ach nár ceapadh aon leachtóir dóibh. Amhail a léiríonn an chéad tábla ar leathanach 17, tháinig laghdú ar líon na gcásanna seo, ar ábharáil an tsaoil, chuig 67 cuideachta i 2011.

Leachtú	2007	2008	2009	2010	2011
Leachtú Creidiúnaithe	308	530	1,124	1,258	1,311
Leachtú Cúirte	36	83	121	128	99
<b>Iomlán na gCuideachtaí Dócmhainneacha</b>	<b>344</b>	<b>613</b>	<b>1,243</b>	<b>1,386</b>	<b>1,410</b>
Leachtú Ball	1,057	1,051	1,158	899	1,054
<b>Gach Leachtú</b>	<b>1,401</b>	<b>1,664</b>	<b>2,403</b>	<b>2,285</b>	<b>2,464</b>

Bliain	Fógraí Leachtaithe	Níor Ceapadh Leachtóirí	%
2008	613	24	4%
2009	1,243	106	9%
2010	1,386	92	7%
2011	1,466	67	5%

Tá comhlachtaí gairmiúla cuntasáíochta, tar éis don OSFC a chur ina luí orthu, ag cur in iúl dá mbaill nár cheart dóibh baint bheith acu le héascú cuideachtaí atá á gcur chun leachtaithe mura bhfuil coinne acu leis go gceapfar leachtaitheoir. D'fhéadfadh seo bheith mar an gcúis leis an laghdú sásúil ar fhigiúr 2011. Cé go bhfuil an Oifig tiomanta i gcónaí chun dul i mbun caingean dlí i gcásanna oiriúnacha, rinne siad tograí don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta go luath i 2011 d'athruithe reachtúla a chabhródh dul i ngleic leis an bhfeiniméan ar bhonn cuimsitheach. Tá stíl leis go ndéanfar na hathruithe seo i mBille na gCuideachtaí a bheidh le foilsíú a dhéanfaidh dlí cuideachtaí na hÉireann a nuachóiriú agus a chomhdhlúthú. Tá an Oifig daingean faoin tuairim gur cheart go ndéanfar gnóthaí cuideachta dócmhainní a fhoirceannadh trí leachtóir neamhspleách a cheapadh.

## Cuideachtaí Dócmhainneacha faoi Ghlacadóireacht

Ní ábhair iontais é go ngabhann méaduithe ar na líonta atá á gcur faoi ghlacadóireacht le déanaí leis an líon mór cuideachtaí atá ag dul chun leachtaithe mar thoradh ar an gcúlú geilleagrach. Tá an chuid is mó den ghlacadóireacht mar thoradh ar institiúidí airgeadais a fhéachann le táillí faoi urrús a chur chun feidhme, agus bhí go leor díobh ag plé le gníomhaíocht um fhorbairt réadmhaoine le blianta beaga anuas. Ina theannta sin, tá an dealramh air gur theip ar na cuideachtaí seo agus go raibh siad dócmhainneach.

D'ainneoin ceapadh glacadóra, leanann na stiúrthóirí le dualgais a bheith acu sa chuideachta, agus ba cheart a chinntiú, go háirithe, go gcuirtear aon chuideachta dhócmhainneach chun leachtaithe ar bhonn tráthúil. Tugann an tábla a leanas le tuiscint, áfach, nach bhfuil ach 6% de na cuideachtaí atá faoi ghlacadóireacht á gcur chun leachtaithe.

Bliain	Cuideachtaí a Cuireadh Faoi Ghlacadóireacht	Líon Cuideachtaí a Cuireadh chun Leachtaithe	%
2008	59	8	14%
2009	200	26	13%
2010	375	43	11%
2011	533	31	6%

Príomhiarmhairt lena mbaineann mainneachtain leachtaitheoir a cheapadh do chuideachta dhócmhainneach atá curtha chun leachtaithe nó atá faoi ghlacadóireacht is ea nach ndéantar iniúchadh, go ginearálta, ar chaighdeán iompair na stiúrthóirí sin le hiompar mí-ionraic nó mífhreagrach a bhrath a bhí ina chúis le damáiste comhthaobhach a dhéanamh do pháirtithe leasmhara eile.<sup>25</sup> Beidh sé le tuiscint sna táblaí thuas, cé gur ceapadh stiúrthóirí de thart ar 1,410 cuideachta ar ceapadh leachtaitheoirí dóibh i 2011 agus atá á gcoimeád cuntasach, níl an leibhéal céanna d'iniúchadh á dhéanamh ar iompar stiúrthóirí 569 cuideachta dhócmhainneach bhreise. D'fhéadfadh leasú reachtaíochta bheith ag teastáil ón nós méadaitheach seo d'fhonn a chinntiú go dtugtar faoi fhoirm áirithe d'fhiosrúchán agus de thuirisciú maidir le hiompar stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha atá faoi ghlacadóireacht d'fhonn caighdeán inchomparáide iniúchta a chur i bhfeidhm ar iompar stiúrthóirí na gcuideachtaí dócmhainneacha uile.

Mheabhraigh an OSFC don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) roimhe seo maidir le glacadóirí agus na dualgais reachtúla tuairiscithe atá orthu i ndáil le cionta coiriúla a bhraitheann siad le linn feidhmiú a ndualgas mar ghlacadóirí.<sup>26</sup> Ní gnách go bhfaightear riamh mórán tuarascálacha mar sin féin. Bíonn coinne ag an Oifig leis go mbíonn an uile ghlacadóir airdeallach maidir lena chinntiú go ndéantar na tuarascálacha seo faoi na cúinsí cuí, agus rachfar i mbun gníomhaíochta in aon chás oiriúnach sa chás go mbíonn an dealramh air nár tharla seo.

<sup>25</sup> De bhun Alt 56 den Acht um Fhorfheidmiú Dlí Cuideachtaí, 2001.

<sup>26</sup> Alt 179 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

Saghas na Cuideachta Díscailte	2007	2008	2009	2010	2011
'Baint an OCC' <sup>27</sup>	4,085	5,804	5,729	6,272	7,938
'Baint ag na Coimisinéirí Ioncaim' <sup>28</sup>	149	223	142	140	0
'Baint Dheonach' <sup>27</sup>	3,975	4,542	5,428	5,488	5,653
<b>Iomlán</b>	<b>8,209</b>	<b>10,569</b>	<b>11,299</b>	<b>11,900</b>	<b>13,591</b>

Cé nach bhfuil an cur chuige neamh-chomhsheasmhach seo i leith cuideachtaí dócmhainneacha inmhianta, rachfar i mbun imeachtaí dícháilte an OSFC i leith roinnt stiúirthóirí de chuideachtaí dócmhainneacha ina dhiaidh sin<sup>29</sup>. D'fhéadfadh seo tarlú nuair a bhaintear cuideachtaí den Chlár Cuideachtaí de bharr gur theip orthu tuairisceáin bhliantúla a chomhdú, agus nach bhfuil sé de chumas acu a chruthú don Ard-Chúirt nach bhfuil aon dliteanas gan íoc ag an cuideachta.

## Cuideachtaí Díscailte Dócmhainneacha

Cé go léiríonn na líonta cuideachtaí dócmhainneacha a théann chun leachtaithe, faoi ghlacadóireacht agus faoi scrúdaitheoireacht iarmhairtí infheicthe an chúlaíthe gheilleagraigh, d'fhéadfadh cúpla céad nó míle cuideachta dhócmhainneach bheith ar an gClár Cuideachtaí ag aon tráth amháin a staon den trádáil ach nár cuireadh chun leachtaithe iad.

Bainfean an chuid is mó díobh seo den Chlár ar deireadh thiar, ach d'fhéadfadh an próiseas dhá bhliain nó níos mó a ghlacadh. Sa mhullach air sin, beidh an líon bainte in aon bhliain faoi thionchar an leibhéil ghníomhaíochta ag an OCC, ag na Coimisinéirí Ioncaim agus ag stiúirthóirí cuideachta maidir le gabháil le rogha na bainte. Cé go dtugann an tábla thuas sonraí faoin uile cuideachta a baineadh den chlár le blianta beaga anuas, ní dhéanann sé idirdhealú idir iad siúd atá sócmhainneach agus dócmhainneach.

## Fosprioc 2.1: Mí-Iompar a bhFuiltear in Amhras Air a Shainaitheint

Le himscrúduithe ar Bhanc Angla-Éireannach a phléigh an chuid is mó d'obair an OSFC i 2011 arís eile agus an líon mór de chuideachtaí dócmhainneacha ónar theastaigh athbhreithniú an OSFC.

### Fiosrú Imeachtaí ag Banc Angla-Éireannach

Tá fiosrúchán Bhanc Angla-Éireannach níos mó agus níos casta ná aon fhiosrúchán dlí ar thug an OSFC faoi go nuige seo, agus tá an dealramh air go mbeidh sé ar an bhfiosrúchán coiriúil is mó ar ghlac an Stáit páirt ann riamh. I rith na bliana, lean thart ar sheisear déag Gardaí agus foirne riaracháin laistigh den OSFC ag oibriú go lán-aimseartha ar an bhfiosrúchán seo. D'fhan líon suntasach d'oifigigh bhreise den Gharda Síochána freisin ag feidhmiú laistigh de Bhiúro an Gharda um Imscrúdú Calaoise (BGIC). Ag deireadh 2011, tugadh mórmhéid oibre chun críche ag an OSFC agus an BGIC araon ina n-imscrúduithe faoi seach.

Tugann **Léaráid 2.1.1** a leanas léiriú grafach ar phríomhghnéithe imscrúduithe reatha an OSFC agus an BGIC agus ar a stádas amhail deireadh 2011.

### Cáipéisíocht agus Sonraí

Thug Tuarascálacha Bliantúla an OSFC roimhe seo do 2009 agus 2010 breac-chuntas mionsonraithe ar scóip agus ar chastacht na n-imscrúduithe maidir le héadáil, próiseáil, measúnú agus na milliúin leathanach de cháipéisíocht agus de shonraí faoi Bhanc Angla-Éireannach a fháil. Lean obair bhainteach dá samhail seo i rith 2011.

27 Alt 311 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú) agus Alt 12 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 (arna leasú).

28 Alt 882 den Acht um Chomhdhlúthú Cánach 1997.

29 De bhun Alt 160(2)(h) d'Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú).

**Léaráid 2.1.1: Imscrúdú ar Bhanc Angla-Éireannach: Stádas na bPríomhshraitheanna amhail deireadh 2011**

1)	Taiscí gearrthearma ceann i ndiaidh a chéile de thart ar €7.4 billiún a fuair Banc Angla-Éireannach go déanach i Meán Fómhair 2008	BGIC	Imscrúdú tugtha chun críche den chuid is mó. Tá na comhaid imscrúdaithe ag an SIP
2)	Athmhaoiniú rialta iasachtaí áirithe stiúrtóirí an Bhainc i ngar do dháta tuairiscithe tráth dheireadh na bliana den Bhanc (Alt 197 d'Acht na gCuideachtaí 1990)	OSFC	Imscrúdú tugtha chun críche den chuid is mó Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an SIP i Nollaig 2010. Tá dhá chomhad imscrúdaithe le seoladh go luath i 2012
3)	Soláthar iasachta ag an mBanc i 2008 do dhuine dá stiúrtóirí (Alt 297 d'Acht na gCuideachtaí 1963)	OSFC	Imscrúdú arna thabhairt chun críche. Cuireadh na comhaid imscrúdaithe faoi bhráid an SIP i Nollaig 2010 agus i Nollaig 2011
4)	Teip amhrasta ag an mBanc le clár iasachtaí lena stiúrtóirí a choimeád (Alt 44 d'Acht na gCuideachtaí 1990)	OSFC	Imscrúdú arna thabhairt chun críche Cuireadh dhá chomhad imscrúdaithe faoi bhráid an SIP i Lúnasa 2011 agus i Nollaig 2011
5)	Ábhar ráitis airgeadais agus ráiteas eile poiblí an Bhainc i 2008	OSFC	Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an SIP i Nollaig 2010. Tá an comhad imscrúdaithe tosaigh le seoladh i bhFeabhra 2012
6A)	Soláthar cistí do cheannach a gcuid scaireanna ag an mBanc in Iúil 2008 (Alt 60 d'Acht na gCuideachtaí 1963)	OSFC	Imscrúdú tugtha chun críche den chuid is mó Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an DPP i Nollaig 2010. Seoladh dhá chomhad imscrúdaithe i Márta agus i Nollaig 2011
6B)	Soláthar cistí ag an mBanc do cheannach a scaireanna in Iúil 2008 (gné a d'fhéadfadh bheith ina mí-úsáid margaidh)	BGIC	Imscrúdú tugtha chun críche den chuid is mó. Tá an comhad imscrúdaithe ag an SIP

Go deimhin, i gcás an imscrúdaithe ar athmhaoiniú iasachtaí na stiúrtóirí (sraith 2 thuas), bhí cáipéisíocht agus faisnéis nua ar fáil go luath i 2011 a léirigh go raibh cleachtas an athmhaoinithe níos casta ná mar a síleadh i dtosach báire. D'eascair breis obair anailísithe agus imscrúdaithe as seo a chur síneadh ar amhráma an imscrúdaithe don tsraith seo.

**'Finnéithe Drogallacha'**

Gné rithábachtach a bhí le sonrú go luath i 2011 ba ea neamhthoilteanas roinnt finnétithe de na himeachtaí a bhí á n-imscrúdú le ráitis a thabhairt le lámh chúnta a thabhairt d'obair an OSFC. Chuir sé seo isteach ar an imscrúdú mar aon le moill a chur air de bharr teagmháil riachtanach leis na finnétithe agus lena n-ionadaithe dlíthiúla maidir le

hábhair éagsúla. Fadhb ar leith a bhí ann seo maidir leis an imscrúdú ar sholáthar cistí ag an mBanc do cheannach a scaireanna in Iúil 2008 (sraith 6A thuas).

Chuir foráil lena raibh súil leis (Alt 15) san Acht Ceartais Choiriúil 2011, áfach, a tháinig i bhfeidhm go luath i Lúnasa ar chumas baill den Gharda Síochána iarratas a dhéanamh ar an gCúirt Dúiche ar ordú a cheanglaíonn ar dhuine:

- cáipéisí sonraithe a sholáthar agus
- freagraí ar cheisteanna agus/nó ráiteas a sholáthar maidir le faisnéis atá faoi shealbh an fhinné sin leba mbaineann coimisiúnú cionta áirithe, lena n-áirítear líon cionta a bhain le himscrúdaithe an OSFC.

Chuir sé seo ar chumas an OSFC tús a chur le próiseas le dul i dteagmháil le gach duine de na ‘fínnéithe drogallacha’ as an nua agus/nó lena n-ionadaithe dlíthiúla, agus aird á tarraingt ar thosú Alt 15 agus iarraidh orthu athmhacnamh a dhéanamh ar a seasamh níos luaithe. Fuarthas aisfhreagairtí fabhracha ó roinnt de na ‘fínnéithe drogallacha’, ach theip ar roinnt eile díobh aisfhreagairt fhabhrach a thabhairt láithreach bonn nó léirigh siad neamhchlaonadh chun dul i dteagmháil leis na himscrúdaitheoirí.

Mar iarmhairt air seo, rinne Bleachtaire is Cigire den Gharda Síochána, a tugadh ar iasacht don OSFC, iarratais ar an gCúirt Dúiche go déanach i Meán Fómhair 2011 faoin Acht 2011 maidir le duine áirithe. Rinneadh Ordú níos déanaí an lá sin ag an mBreitheamh Dúiche, a cheangail air na cáipéisí cuí a sholáthar agus le freagraí a réiteach do cheisteanna sonraithe nó ráiteas agus/nó an dá rud a sholáthar. Comhlíonadh an tOrdú seo dá éis sin.

I ndiaidh na héisteachta, rinneadh teagmháil arís eile le gach duine den 18 ‘bhfinné dhrogallacha’ agus/nó lena n-ionadaithe dlíthiúla. Is éard a d’eascair as an gcomhfhreagrú seo ar deireadh thiar go bhfuair an OSFC comhoibriú substaintiúil lena n-imscrúduithe faoi dheireadh 2011. Bhí súil leis go gcuirfí an chuid eile den obair i gcrích go luath in 2012.

### Forbairtí Ginearálta

Le linn 2011, rinneadh dul chun cinn freisin i limistéir a bhain le ceann amháin nó níos mo de shraitheanna imscrúdaithe an OSFC. I measc na bhforbairtí ginearálta bhí:

- glacadh thart ar 75 ráiteas/meabhrán ag oifigigh an Stiúirthóra;
- gabháil agus coimeád beirt iar-oifigeach den Bhanc ag Gardaí a tugadh ar iasacht don OSFC;
- forghníomhú trí ordú breise faoin Acht um Fhianaise Leabhar Baincéirí 1879, arna leasú. Ina theannta sin, leanadh le cáipéisíocht a fháil i rith na bliana, de bhun Ordúithe réamhbheitheacha leabhar baincéirí amhail a theastaigh;
- an comhaontú idir an OSFC agus Banc Angla-Éireannach faoi liosta nach mór iomlán de cháipéisí atá faoi phribhléid dhlíthiúil. Leanfaidh an próiseas seo chomh fada agus a mhairfidh na himscrúduithe. Nuair a bheidh siad tugtha chun críche, beifear in ann liosta de cháipéisí faoi phribhléid atá go hiomlán cuimsitheach a chomhaontú;
- thart ar dheich gcruinniú foirmiúil a chur ar bun idir oifigigh shinsearacha den OSFC agus an BGIC d’fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le gnéithe dá n-imscrúduithe faoi seach. Sa mhullach air sin, b’ann do theagmháil an-rialta le linn na bliana idir an dá eagraíocht d’fhonn comhoibriú agus comhsheasmhacht a chinntiú maidir le dul i ngleic leis na sraitheanna éagsúla de na himscrúduithe seo;
- tabhairt faoi shraith comhairliúcháin fhoirmiúla le Abhcóid lenar cur iarrtais rialta ar thuairimí agus ar chomhairle dlí i dtaca le hábhair áirithe nár pléadh leo.

### Maoirseacht na hArd-Chúirte ar Shonraí faoi Bhanc Angla-Éireannach

Mar thoradh ar ghlacadh an OSFC ar mhórmhéid de shonraí leictreonacha an Bhainc i Meán Fómhair 2009 faoi fhorálacha a chuimsítear in Acht na gCuideachtaí (arna leasú) 2009, faigheann an Ard-Chúirt nuashonruithe rialta maidir le dul chun cinn. Tháinig oifigeach den OSFC os comhair na hArd-Chúirte i mBealtaine 2011, agus tá éisteacht bhreise sceidealaithe do dháta go déanach in Eanáir 2012. Ag gach ócáid, fuair an Oifig síneadh ama d’fhonn cabhrú leo leanúint ar aghaidh agus na sonraí seo a ghlacadh a úsáid.

### Teagmháil leis an SIP

Ag luathchéim in imscrúdú Bhanc Angla-Éireannach, chomhaontaigh Údarás an Gharda Síochána agus an Stiúirthóir socrú speisialta leis an SIP nach bhféadfadh gach eagraíocht comhaid imscrúdaithe ‘nach bhfuil go hiomlán tugtha chun críche’ a sheoladh d’fhonn luathmhacnamh an ábhair ag an SIP a éascú. Bhí seo ina lámh chunta maidir le tuairimí agus aiseolas a fháil ó fhoireann an SIP agus ó Chomhairle.

Sa mhullach ar an gcumarsáid an-rialta le foireann an SIP agus le Abhcóid, b’ann do thrí chruinniú idir an SIP, an Stiúirthóir agus an fhoireann shinsearach den dá Oifig agus/nó le Abhcóid le linn 2011. Ba léir go raibh an teagmháil seo ina lámh chunta.

Dar ndóigh, ábhar atá ann nach mór don SIP, leo féin, an méid a dheimhniú (más ann in aon chor dó) is féidir táill a bhronnadh i leith aon duine i dtaca le ceann amháin nó níos mó de na sraitheanna imscrúdaithe thuas. Is casta do na hábhair agus gan fasach iad, agus táthar ag súil leis go mbeidh an SIP in ann tús a chur le cinntí a dhéanamh sa chás le linn 2012.

## Cuideachtaí Dócmhainneacha – An Córas um Thuairisciú Leachtaitheora

Go hacomhair, ceanglaítear le dlí<sup>30</sup> go ndéanann leachtaitheoir cuideachta, ar a bhfuil leachtú dócmhainneach á dhéanamh, tuairisciú don OSFC tráth a fhorléasta agus ar iompar aon duine a bhí ina stiúrthóir den chuideachta le linn an dá mhí dhéag roimh a leachtú. Ní mór don leachtaitheoir leanúint ar aghaidh agus iarratas a dhéanamh ar an Ard-Chúirt do shrianadh<sup>31</sup> gach duine de na stiúrthóirí, murar bhain an OSFC an cúram sin díothú.<sup>32</sup>

Is í bunaidhm an chórais seo tuairiscithe tacú le dianiarracht fhiontraíoch fhreagrach. Is é cuspóir gach tuarascála na cásanna de chliseadh ionraic agus freagrach gnólachta a idirdhealú (nach dteastaíonn aon fhoirm de smachtbhanna a chur i bhfeidhm ar stiúrthóirí na cuideachta) uathu siúd sa chás gurbh eol do na stiúrthóirí nó gur cheart gurbh eol dóibh go raibh an cuideachta dócmhainneach nó go raibh siad ag tabhairt faoi ghnóthaí na cuideachta, ar shlí eile, ar bhealach a bhí i gcodarsnacht do leas na gcreidiúnaithe, na bpáirtithe eile nó an phobail mhóir.

Agus a bhfeidhm á comhlíonadh, tá coinne leis go gcuirfidh leachtaitheoirí an uile fhaisnéis chuí ar fáil dóibh lena mbaineann cinneadh oiriúnach a dhéanamh. Ina theannta sin, spreagann siad do leachtaitheoirí moladh oiriúnach a dhéanamh i leith fúscailte trí thagairt a dhéanamh do thorthaí a n-imscrúduithe.

Déanann an OSFC breithniú ar fhuascailt nuair a chuireann leachtaitheoir bonn cirt comhleanúnach chun cinn a thacaíonn le héileamh gur ghníomhaigh stiúrthóir go hionraic agus go freagrach i dtaca le tabhairt faoi ghnóthaí na cuideachta. Agus a gcinntí á ndéanamh acu, tá an Oifig meáite ar chinntiú nach mbíonn ar stiúrthóir ar bith dul

faoi éisteacht Ard-Chúirte gan ghá sa chás gur léirigh sé nó sí go soiléir go raibh iompar ionraic agus freagrach orthu agus iad ag tabhairt faoi ghnóthaí an fhiontair chliste. I gcleachtas, feidhmíonn an OSFC mar scaigaire leis na cásanna siúd nach dteastaíonn aon aird uathu a bhaint ó bhreithniú na hArd-Chúirte.

I gcomhthráth, ní toradh ionrachais ná freagrachta do na stiúrthóirí lena mbaineann atá i gceist le cinntí ‘gan scaoileadh’ nó ‘páirtscaoileadh’ de chuid an OSFC, agus níor chóir aon tátal nó líomhain a tharraingt. Is ábhar é don Ard-Chúirt (tar éis dóibh fianaise an leachtaitheora agus mínithe stiúrthóirí na cuideachta a chloisteáil) lena dheimhniú ar cheart dearbhú srianta a dhéanamh i dtaca le haon stiúrthóir cuideachta ar leith.

## Tuarascálacha Leachtaitheora i 2011

Cuimsítear sonraí faoi líonta na dtuarascálacha leachtaitheora i 2011 in **Aguisín 2.1.1**. Ar an iomlán, fuarthas 1,725 tuarascáil (1,688 i 2010). Astu seo, tuarascálacha tosaigh<sup>33</sup> a bhí i gceist le 1,287 díobh (1,312 i 2010) maidir le cuideachtaí a chuaigh chun leachtaithe le déanaí. Ina theannta sin, d’eascair agus cuireadh 438 tuarascáil<sup>34</sup> (376 i 2010) faoi bhráid agus ó chinntí um ‘scaoileadh ag an am seo’ a rinneadh níos luaithe.

Léiríonn an t-ardleibhéal leanúnach de leachtú nua na coinníollacha dúshlánacha geilleagracha. Sa mhullach air sin, aonáin shubstantiúla a bhí i gceist le líon de na cuideachtaí dócmhainneacha seo in earnáil na tógála nó in earnálacha eile. Chruthaigh sé seo castacht le measúnú an OSFC ar na tuarascálacha cuí leachtaitheora. Chabhraigh tabhairt isteach cleachtais leasaithe oibre inmheánaí leis an Oifig feabhas a chur ar a dtréachur de thuarascálacha dearbhaithe le blianta beaga anuas in ainneoin an mhórmhéadaithe ar thuarascálacha, agus leis an gcastacht lena mbaineann roinnt de na gnólachtaí atá i gceist agus na baic um sholáthar foirne go ginearálta. I gcomhthráth, aithníonn an Oifig gur tháinig meath éigin ar thráthúlacht an OSFC maidir le déanamh cinntí. Leanann an fhoireann le gach iarracht a dhéanamh, áfach, chun déileáil le tuarascálacha leachtaitheora ar bhonn tráthúil.

30 Alt 56 d’Acht um Fhorfheidhmíú Dlí Cuideachtaí 2001.

31 Sa chás go bhfuil srianadh ar dhuine, ní féidir ach leis/léi gníomhú mar stiúrthóir nó mar rúnaí cuideachta ar feadh tréimhse cúig bliana dá éis sin, má chomhlíonann cuideachta riachtanais áirithe íosta chaipitlithe. I gcás cuideachta phríobháideach, teastaíonn scairchaipiteal €63,487 ar a laghad atá arna ghlaos suas. I gcás cuideachta theoranta phoiblí, is é an figiúr comhfhreagrach €317,435. Thairis sin, ní mór íoc go hiomlán as an scairchaipiteal a glaodh suas le hairgead. Ceadáíonn srianadh do dhaoine leanúint ar aghaidh agus fáil a bheith acu ar na sochair lena mbaineann dliteanas teoranta. Má sháraíonn duine na coinníollacha lena mbaineann caipitliú, áfach, d’fhéadfaí é/i a chiontú i leith cion indíotáilte, fineáil a ghearradh orthu agus iad a dhícháilíú ar feadh cúig bliana.

32 Tugtar breac-chuntas ar phróiseas agus ar scóip tuairiscithe leachtaitheora i dtírí phríomhfhoilseachán den OSFC, Fógra Cinnidh D/2002/3 arna fhorlíonadh ag Fógra Cinnidh D/2003/1 agus Fógra Faisnéise I/2009/1. Tá fáil ar na cáipéisí seo ag [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie).

33 Tuarascáil tosaigh í an chéad tuarascáil a fhaightear ó leachtaitheoir laistigh de shé mhí óna c(h)eadpadh, agus i dtromlach na gcásanna, bunaítear an cinneadh chun scaoileadh a cheadú nó a mhalairt ar an tuarascáil seo. I roinnt cásanna, ceadáítear ‘scaoileadh ag an am seo’ le breis imscrúduithe ag an leachtaitheoir a éascú.

34 Is gnách go bhfaightear tuarascáil bhreise ó leachtaitheoir idir sé agus naoi mí i ndiaidh dóibh an tuarascáil níos luaithe seo a fháil.

Agus monatóireacht á déanamh ar na haighneachtaí ag leachtaitheoirí dá dtuarascálacha tosaigh agus breise, ba ghá don Oifig i 2011, a chur in iúl go foirmiúil do 109 leachtaitheoir ar 339 ócáid (303 ócáid i 2010) go raibh siad ar mainneachtain i dtaca lena n-oibleagáidí tuairiscithe reachtúil. Réitíodh go leor den mhainneachtain seo go mear, agus ag deireadh na bliana, fuarthas 95% de na chéad tuarascálacha a bhí dlite i rith na bliana – i gcomparáid le 97% an bhliain roimhe sin. Tá líon beag leachtaitheoirí fós nochtaithe, áfach, don bhaol i leith caingean dlí ag an OSFC i 2012 de bharr gur theip orthu a dtuarascálacha atá dlite thar téarma a sheoladh ar aghaidh chucu i 2011. Leanfar le tosaíocht a dhéanamh den limistéar seo.

Mheas an Oifig gur shásúil den chuid is mó a bhí caighdeán na dtuarascálacha leachtaitheora i 2011. Tá an OSFC buartha, áfach, faoi chaighdeán an tuairiscithe i roinnt cásanna, agus creidtear go bhfuil sé seo mar phríomhthoradh ar cheann amháin nó níos mó de na tosa a leanas:

- an brú laistigh de ghnóthais áirithe leachtaithe a eascraíonn ó mhéid na hoibre dócmhainneachta faoina bhfuiltear ag tabhairt;
- tarmligean na hoibre dócmhainneachta d'fhoireann atá sách sóisearach laistigh de ghnóthais mhóra;
- insní go leor iontrálaithe nua (lena n-áirítear gairmithe ag a bhfuil taithí fhairsing i limistéir eile, ar nós an iniúchta nó an dlí) isteach i ngairm na dócmhainneachta agus taithí theoranta nó taithí ar bith acu ar obair dhócmhainneachta;
- an leibhéal castachta ar a bhfuil méadú ag teacht atá ina ghné de chomhréir níos airde de chásanna leachtaithe le déanaí.

Tugtar breac-chuntas ar mhiondealú na gcinntí seo ar thuarascálacha tosaigh i 2011 sa tábla a leanas, mar aon leis na figiúirí inchomparáide do 2010:

Saghas an Chinnidh	2010	%	2011	%
Scaoileadh iomlán <sup>35</sup>	871	70%	806	69%
Gan scaoileadh <sup>36</sup>	47	4%	59	5%
Scaoileadh 'ag an am seo' <sup>37</sup>	306	25%	296	25%
Páirt-scaoileadh <sup>38</sup>	16	1%	16	1%
<b>Iomlán</b>	<b>1,240</b>	<b>100%</b>	<b>1,177</b>	<b>100%</b>

35 Dámhadh scaoileadh iomlán i gcásanna ina raibh an OSFC sásta, ar bhonn na faisnéise a sholáthar an leachtaitheoir nó a soláthraíodh ar bhealach eile, gur léirigh stiúirthóirí uile na cuideachta dócmhainní go sásúil gur ghníomhaigh siad go hionraic agus go freagrach in iompar ghnóthaí na cuideachta.

36 Níor dámhadh scaoileadh i gcásanna ina raibh an OSFC sásta, ar bhonn na faisnéise a sholáthar an leachtaitheoir nó a soláthraíodh ar bhealach eile, nár léirigh stiúirthóir ar bith de na cuideachtaí dócmhainneacha go sásúil gur ghníomhaigh siad go hionraic agus go freagrach in iompar ghnóthaí na cuideachta.

37 Dámhadh 'scaoileadh ag an am seo' i gcásanna ina raibh an OSFC sásta gur theastaigh níos mó ama ón leachtaitheoir le himscrúdú ceart a dhéanamh ar na cúinsí as ar eascair forléasadh na cuideachta. Ceanglaíonn an OSFC go gcuirfidh leachtaitheoirí an dara tuarascáil ar aghaidh, agus déanfar cinneadh faoi scaoileadh dá éis.

38 Dámhadh páirt-scaoileadh i gcásanna ina raibh an OSFC sásta, ar bhonn na faisnéise a sholáthar an leachtaitheoir nó a soláthraíodh ar bhealach eile, gur léirigh roinnt de stiúirthóirí na cuideachtaí dócmhainneacha ach gan iad go léir go sásúil gur ghníomhaigh siad go hionraic agus go freagrach in iompar ghnóthaí na cuideachta.

Theastaigh ardleibhéal teagmhála ag foireann an OSFC ón taithí seo le leachtaitheoirí le linn 2011 le gnéithe dá dtuarascálacha a shoiléiriú agus le ceanglais an OSFC a shonrú. I roinnt cásanna, iarradh ar leachtaitheoirí aonair teacht i láthair chuig an OSFC le hathbhreithniú a dhéanamh ar a gcaighdeán tuairiscithe nó ar a gconclúidí i roinnt cásanna sonracha. Arna spreagadh go páirteach ag insní iontrálaithe nua agus ag buarthaí an OSFC faoi chaighdeán tuairiscithe san am atá imithe thart le déanaí, tá níos mó oiliúna á cur ar fáil ag na comhlachtaí cuí gairmiúla do chleachtóirí dócmhainneachta, ar fhorbairt is cúis áthais í seo. Tuigtear nach mbeartaíonn na comhlachtaí go ndéanfar aon fhorbairt bhreise ar a gcórais mhonatóireachta dá mbaill chleachtóirí dócmhainneachta, áfach, ar feitheamh forbairt agus cur chun feidhme córas pleanáilte ceadúnaithe reachtúil ar dócha nach dtarlóidh sé go ceann roinnt blianta.

Leanfaidh an OSFC le hardchaighdeán tuairiscithe a spreagadh ina dteagmháil leanúnach le gairm na dócmhainneachta.

## Cinntí Scaoileadh an OSFC

Rinne an OSFC cinntí ar 1,597 tuarascáil leachtaitheora i 2011 (1,474 i 2010). Astu seo, rinneadh 1,177 cinneadh i ndáil le tuarascálacha tosaigh, agus rinneadh 420 díobh i ndáil le tuarascálacha breise. Cinntí ar 1,240 tuarascáil tosaigh agus ar 234 tuarascáil bhreise faoi seach a bhí i gceist leis na figiúirí coibhéiseacha do 2010.



Fuair 25% de na tuarascálacha tosaigh cinntí um ‘scaoileadh ag an am seo’, de bharr nár mhór do na leachtaitheoirí am breise a lorg d’fhonn cur i gcrích a gcuid imscrúduithe a chumasú de dheasca méid agus castacht roinnt de na cásanna reatha leachtaithe. Ar an gcuma chéanna, ba dhealraitheach don OSFC gur ghá ar uairibh, cinneadh críochnaitheach ar scaoileadh a chur siar de bharr castacht roinnt de na tuarascálacha óna dteastaíonn aird na foirne, an gá le ham a thabhairt do leachtaitheoirí chun freagairt ar fhiosrúcháin Oifige agus mhéid na dtuarascálacha atá idir lámha.

Tá fáil ar liostaí iomlána de na cuideachtaí ar ar bronnadh scaoileadh iomlán agus scaoileadh ‘ag an am seo’ i 2011 ag Fógra Faisnéise Uimhir I/2012/1 den OSFC ar láithreán gréasáin an OSFC ag [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie).

## An Córas Tuairiscithe Iniúchóra agus Comhlacht Cuntasaíochta

Ceanglaítear ar iniúchóirí ag an dlí cionta amhrasta indíotáilte a thuairisciú don OSFC faoi Acht na gCuideachtaí a thagann chun solais le linn dóibh iniúchadh a dhéanamh ar chuideachta.<sup>39</sup> Tháirg an OSFC treoir i gcomhar leis na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta maidir leis an oibleagáid tuairiscithe seo mar iarracht le lámh chúnta a thabhairt d’iniúchóirí tabhairt faoin dualgas tábhachtach poiblí seo.<sup>40</sup>

Baineann oibleagáid chomhchosúil tuairiscithe le comhlachtaí gairmiúla cuntasaíochta i ndíscaoileadh a bhfeidhmeanna disciplíneara.<sup>41</sup>

## Tuarascálacha Iniúchóra agus Comhlacht Cuntasaíochta i 2011

Fuair an Oifig 178 tuarascáil i 2011 ó iniúchóirí agus ó chomhlachtaí cuntasaíochta i leith sárúithe amhrasta d’Acht na gCuideachtaí (laghdú 8% ar fhigiúr 2010 – 194). Ar aon dul lenar sonraíodh i mblianta roimhe seo, bhí ach beagán cionta arna dtuairisciú ag iniúchóirí. Bhí tromlach na dtuarascálacha (77%), arís eile, dírithe ar chion amháin (idirbheartaíochtaí neamhdhleathacha stiúrthóirí), agus bhí mionlach suntasach (10%) i gceist leis an dara tuarascáil (mainneachtain leabhair chuí chuntasaíochta a choimeád). Sainithnítear in Aguisín 2.1.2 tarlú na bpríomhchionta amhrasta a tuairiscíodh i 2011 i gcoibhneas le 2010.

### Idirbheartaíochtaí Neamhdhleathacha Stiúrthóirí

Tugann na tuarascálacha iniúchóra agus faisnéis eile atá ar fáil don Oifig le fios gur ghlac stiúrthóirí thart ar €44 i 2011 óna gcuideachtaí.<sup>42</sup> Ba laghdú sásúil seo ar fhigiúr 2010 (thart ar €85 milliú) a choimeád meath ag teacht ar an treocht le déanaí. Mar thoradh ar bhreis cuideachtaí ag cáiliú do dhíolúine iniúchta agus leas a bhaint as díolúine iniúchta, tá an chuma air go bhfuil scála an fheiniméin seo á chumhdach ag an treocht seo.

Amhail blianta roimhe seo, ghníomhaigh an Oifig chun leasa na gcreidiúnaithe d’fhonn stiúrthóirí a spreagadh chun na hidirbheartaíochtaí ciontaíthe a réiteach trí airgead a aisíoc leis an gcuideachta nó chun na suimeanna gan íoc a thabhairt ar ais laistigh de na teorainneacha a cheadaítear ag dlí cuideachta. Rinneadh formhór na gcásanna a réiteach ar an mbealach seo agus tugadh rabhadh do 261 stiúrthóir i 2011, maidir lena n-iompar amach anseo. Tá sé de cheart ag an Oifig dul i mbun gníomhaíocht forfheidhmithe in aon chás cuí, agus bhí líon beag díobh faoi imscrúdú gníomhach tráth dheireadh na bliana.

39 Faoi Alt 194(45) d’Acht na gCuideachtaí 1990, arna ionsá ag Alt 74 den Acht um Fhorfeidhmíú Dlí Cuideachta 2001 agus arna leasú dá éis sin ag Alt 37 d’Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 agus Alt 73 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005.

40 Fógra Cinnidh D/2006/2 – Treoir Leasaithe ar Dhualgas na nIniúchóirí le Ciontuithé Indíotáilte Amhrasta a thuairisciú leis an Stiúrthóir Forfheidhmithe Chorparáidigh. Rinneadh seo a fhorlíonadh níos déanaí ag Fógra Eolais I/2009/4 – Ciontuithé Dlí Cuideachtaí a Thuairisciú: Faisnéis d’Iniúchóirí.

41 Alt 58 den Acht um Fhorfeidhmíú Dlí Cuideachtaí 2011 (i ndáil le leachtaitheoirí agus le glacadóirí) agus Alt 192(6) d’Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú ag Alt 73 den Acht um Fhorfeidhmíú Dlí Cuideachtaí 2011 (i ndáil le baill den chomhlacht go ginearálta) lena mbaineann ciontuithé indíotáilte amhrasta go príomha a rinneadh faoi Achtanna na gCuideachtaí.

42 Alt 31 agus forálacha bainteach d’Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú).

Tugann **Léaráid 2.1.2** a ghabhann leis seo breac-chuntas ar chás amháin i 2011 inar cuireadh cuideachta ag a raibh saincheisteanna um iasachtaí stiúrthóirí i gceist ar bhonn gearáin gan aon ghá le gníomhaíocht forfheidhmithe an OSFC.

#### Léaráid 2.1.2: Cás lena mbaineann Easnaimh Chuntasaíochta agus Iasachtaí Stiúrthóirí

Fuair an OSFC gearán réimse fhairsing ó stiúrthóir cuideachta a bhí faoi úinéireacht teaghlaigh a oibríonn san Oirthuaisceart. Ina theannta sin, chuir iniúchóirí na cuideachta tuarascáil indíotáilte i dtoll a chéile i dtaca le hiasachtaí stiúrthóirí agus le heasnaimh chuntasaíochta eile ag an gcuideachta. Ina theannta sin, bhí an chuideachta i mór-riaráistí sa chomhdú a tugadh don Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

Agus imscrúdú déanta ar an ngearán, chuaigh an OSFC i dteagmháil leis an gcuideachta agus lena gcomhairleoirí gairmiúla le cabhrú leis na hábhair thuairiscithe a réiteach. Rinne seo an chuideachta a threorú le gnóthas comhairleoirí a fhostú chun a mholadh conas is fearr ar cheart dóibh tabhairt faoina gcuid gnóthaí amach anseo d'fhonn Acht na gCuideachtaí a chomhlíonadh ag an uile thráth. Glacadh le sraith bearta a chuir rialuithe agus nósanna imeachta nua á gcur i bhfeidhm, gach tuairiscéan comhdaithe a dhéanamh don Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus na hiasachtaí stiúrthóra thart ar €350,000 móide ús arna n-aisíoc leis an gcuideachta.

#### Mainneachtain Leabhair Chúí Chuntasaíochta a Choimeád

Sa chás go bhfaightear tuairisc ar mhainneachtain leabhair chúí chuntasaíochta a choimeád, téann an Oifig i dteagmháil le hiniúchóirí na cuideachta san uile chás féachaint le méid na mainneachtana a dheimhniú.<sup>43</sup> Tugann an Oifig rabhadh rialta do na stiúrthóirí cúí féachaint do chinntiú nach n-atarlaíonn easnaimh chomhchosúla i rialachas a gcuideachtaí, agus tugadh rabhadh do 37 stiúrthóir i 2011.

I mionlach na gcásanna, sa chás go measann an Oifig gur cúí amhlaidh a dhéanamh, leantar ar aghaidh le gníomhaíocht forfheidhmithe i leith na cuideachta agus/nó a stiúrthóirí. Amhail a thugtar le fios sa Tuarascáil seo,

rinneadh dhá chás a ionchúiseamh go rathúil i 2011, tá achomharc á dhéanamh ar cheann amháin díobh seo.

#### Caighdeán Iniúchtaí

Ina dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo, agus ina dteagmháil leis na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta, léirigh an OSFC a ndíomá ar uairibh le heasnaimh shoiléara i bhfeidhmíocht iniúchóirí aonair. Cuireann an Oifig ardluach ar iniúchadh maith, agus aird ar na ráthaíochtaí a thairgeann siad do pháirtithe leasmhara cuideachta. Sa chás nach gcomhlíonann caighdeáin ionchais, déantar breithniú ar an ábhar a atreorú chuig comhlacht gairmiúil an iniúchóra lena mheasúnú. Is gnáthchleachtas é le haon ghearán den OSFC a chur ar aghaidh chuig Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann d'fhaisnéis.

I gcás amháin le déanaí, chuaigh an Oifig i dteagmháil le hiniúchóir cuideachta faoi earráidí sa tuairim iniúchta do bhliain airgeadais sula ndeachaigh an chuideachta faoi ghlacadóireacht. Spreag míshástacht an OSFC leis an bhfreagairt tuarascáil dá chomhlacht gairmiúil ar cuireadh deireadh lena imscrúdú i 2011. Fáiltíonn an Oifig gur roinn an comhlacht a míshásamh leis na caighdeáin ghairmiúla atá i gceist. Tugtar breac-chuntas i **Léaráid 2.1.3**.

#### Léaráid 2.1.3: Toradh an Chomhlachta Ghairmiúil de bhun Gearáin leis an OSFC

Dheimhnigh an comhlacht gairmiúil:

- gur theip ar a mball a chinntiú go raibh acmhainní leordhóthanacha ag an obair ar tugadh faoi obair ar son chuideachta an chliant agus go ndearnadh dóthain maoirsiú uirthi;
- theip ar a mball tuarascálacha cúí iniúchta ar chuntais chuideachta an chliant;
- gur theip ar an mball a chinntiú gur chloígh na cuntais le ceanglais Acht na gCuideachtaí agus le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 8 lena mbaineann idirbheartaíochtaí páirtí agus
- gur theip ar a mball míniú iomlán agus leordhóthanach a thabhairt don OSFC le cabhrú leo an chúis a bhí leis na hearráidí sna cuntais a cuireadh faoi bhráid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí a thuiscint.

Cuireadh smachtbhannaí ar an mball a bhí i gceist, agus gearradh fineáil €2,000 ar an mball céanna agus ceanglaíodh air costais €1,500 a íoc leis an gcomhlacht.

<sup>43</sup> Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990.

### Daoine Neamhcháilithe ag gníomhú mar Iniúcháirí

Amhail a luaitear sa Tuarascáil seo, ghlac an Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus na comhlachtaí aitheanta chuntasaíochta bearta rathúla chun teorainn a leagan ar an tarlú go ngníomhaíonn daoine neamhcháilithe mar iniúcháirí. Lean an OSFC agus líon beag gearán á fháil ó na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta, áfach, agus ó iniúcháirí aonair i 2011 sa limistéar seo. Agus aird ar mbuarthaí lena chinntiú nach mbaintear de cháilíocht iniúchtaí, lean an Oifig le himscrúdú a dhéanamh ar chásanna dá samhail sin. Réitíodh cúig chás ar bhonn riaracháin i 2011. Amhail a léiríodh níos déanaí, síleadh gur ghá ionchúiseamh a dhéanamh i dtrí chás bhreise as ar eascair ciontuíthe, rinneadh ceann amháin a achomharc. Tá imscrúdú gníomhach á dhéanamh faoi láthair ar chásanna comhchosúla.

### Gearáin ón bPobal agus Braith Eile i 2011

Cé go gceanglaítear ar leachtaitheoirí, iniúcháirí agus ar chomhlachtaí cuntasaíochta, faoin dlí, chun tuairisciú don OSFC faoi chúinsí áirithe, próiseas atá go hiomlán deonach atá i gceist le déanamh gearán ag an bpobal agus ag aonáin eile. Féadfar rialtóirí eile Stáit a éascú i dtuairisciú trí fhorálacha um malartú faisnéise ina reachtaíocht rialaithe. Bíonn an Oifig féin san airdeall chomh maith ar shaincheisteanna a bhaineann le sainchúram dlí cuideachtaí – an mhonatóireacht a dhéanann siad ar thuarascálacha meán agus ar fhoilseacháin eile, mar shampla.

B’ann do laghdú anuas chuig 422 ar líon na ngearán ón bpobal agus ar líon na mbrath eile i 2011, ar laghdú 8% é seo ar 2010. Cuimsítear sonraí faoi shaghas na mainneachtana a tuairiscíodh in **Aguisín 2.1.3**.

Ní ábhar iontais é, sa timpeallacht dhúshlánach gheilleagrach, gurbh ann do mhéaduithe móra ar ghearáin faoi fhiacha gan íoc (méadú 69% ar 2010 i ndiaidh méadú comhchosúil ar 2009). Spreag an OSFC do ghearánaithe in go leor de na cásanna seo nárbh ann d’aon sárú soiléir ar dhlí cuideachtaí chun a réitigh féin dlíthiúla a fhiosrú agus chun aon airgead a bhí dlite dóibh a aisghabháil.

B’ann freisin do méadú faoi thrí ar líomhaintí i leith trádáil chalaoiseach nó mheargánta i gcuideachtaí dócmhainneacha, ach ba ghnách go raibh an fhianaise i leith cáis d’iompar coiriúil an-teoranta. Leanann imscrúdú á dhéanamh ar líon beag cásanna den tsamhail sin, áfach.

### Léaráid 2.1.4: Teagmháil an OSFC le Aventine Resources plc

Go déanach i Samhain 2011, d’fhógair Aventine Resources plc, Minmet plc roimhe seo (“an Chuideachta”) go mbeadh Cruinniú Ginearálta Bliantúil (“CGB”) á thionól acu an 22 Nollaig 2011 ag 12 meán lae. D’fheidhmigh an fógra seo, a cuireadh ar a láithreán gréasáin mar fhógra dá scairshealbhóirí faoin gCruinniú. Léirigh sé an cuspóir chun tabhairt faoi ghnó substaintiúil ag an CGB ach beartaíodh chun tabhairt faoi seo gan an deis a thabhairt do na scairshealbhóirí breithniú a dhéanamh ar chuntais na Cuideachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010. Bhí an dealramh air nach rabhtas ach ag tabhairt faoi iniúchadh a dhéanamh ar na cuntais.

Roimh an CGB, scríobh an OSFC chuig an gCuideachta agus chuig a n-oifigigh agus aird á tarraingt ar an gcaoi go raibh siad ar mainneachtain a gceanglas dlí cuideachtaí de bharr gur theip orthu cóip de chuntais na Cuideachta a chur ar fáil do na scairshealbhóirí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010 mar aon le tuarascálacha bainteacha na stiúrthóirí agus na n-iniúcháirí ar a laghad 21 lá roimh an CGB. Iarradh ar an gCuideachta agus ar a n-oifigigh a mainneachtain a réiteach. Chuir an Oifig in iúl nár cheart tabhairt faoi aon ghnó substaintiúil ag an CGB beartaithe.<sup>44</sup>

Le linn na laethanta dá éis sin, chuir an Stiúrthóir san áireamh nach Éireannaigh iad go leor de scairshealbhóirí na Cuideachta agus gur cheart an deis a thabhairt dóibh siúd a bhí ag freastal ar an CGB an turas chuig Baile Átha Cliath a d’fhéadfadh bheith in aisce agus costasach a sheachaint. Faoi na cúinsí, d’eisigh sé ráiteas poiblí faoina teagmháil le déanaí leis an gCuideachta lenar bhain an CGB a bheadh ar siúl agus d’fhág sé ráiteas ar láithreán gréasáin an OSFC. Comhsheasmhach le ceanglais an OSFC, osclaíodh agus cuireadh an CGB ar atráth an 22 Nollaig gan tabhairt faoi aon ghnó substaintiúil.

<sup>44</sup> Alt 150(9) agus Alt 159(1) d’Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú).

Bhí cineál agus castacht éagsúil i gceist, arís eile, le go leor gearán ón bpobal. Meastar gur fhoinsé fhairsing iad de ghearán mar a bhraitear lena mbaineann feidhmíocht chuideachta agus is gnách go gcruthaíonn siad pictiúr maith de leorgacht Acht na gCuideachtaí ar leibhéal an ghnáthshaoránaigh. Déantar gach iarracht le dul i ngleic go leordhóthanach leis na buarthaí fógraithe laistigh de theorainneacha shainchúram na hOifige.

#### Cuideachtaí Liostáilte agus Neamhliostáilte Poiblí

Tugtar aird ar leith do chuideachtaí agus do shaincheisteanna ag a bhfuil tionchar mór féideartha, lena n-áirítear cuideachtaí a liostáladh ar stocmhalartán. D'eascair líon de na cásanna sin i 2011, as ar eascair cleachtadh chumhachtaí an Stiúrthóra. Tugann **Léaráid 2.1.4** thuas breac-chuntas ar chás amháin inar shíl an Oifig gur ghá gníomhú ar fhógra gearr le neamhchomhlíonadh dlí cuideachtaí a réiteach i gcuideachtaí neamhliostáilte phoiblí.

#### Cuideachtaí Ráthaíochta

Bhain go leor de na gearáin a ndeachthas i ngleic leo i 2011 le cuideachtaí ar a raibh teorainn ag ráthaíocht, arís eile. Is gnách gurb iad seo cuideachtaí a bunaíodh ar mhaithe le cuspóir sóisialta, pobail nó poiblí ar leith. I dtaobh líon cásanna cuideachtaí bainistithe réadmhaoine, bhain srianadh cearta ball chun freastal ar chruinnithe ginearálta nó an teip orthu chun ráitis iniúchta airgeadais a sholáthar dóibh nó rochtain a thabhairt dóibh ar chláir na mball. Sna saghsanna seo de chásanna, bíonn an Oifig ag súil leis go ndeachaidh gearánaithe go díreach i dteagmháil leis an gcuideachta agus go ndearna siad iarracht a réitigh féin a úsáid sular lorg siad cúnaimh. Déileálann **Léaráid 2.1.5** a leanas le cás inar luaigh cuideachta reachtaíocht um chosaint sonraí ar bhonn mícheart mar an mbonn le rochtain a dhiúltú ar chláir a mball.

Rinne líon gearánaithe bainistithe réadmhaoine i 2011 saincheisteanna a thabhairt chun solais arís a sháraigh sainchúram na hOifige. Ina measc seo bhí leibhéal na dtáillí seirbhíse agus neamhshannadh na limistéar coiteann san fhorbairt leis an gcuideachta bainistithe. Chuathas i ngleic leis na saincheisteanna seo san Acht um Fhorbairtí Ilaonaid 2011. Ina theannta sin, rinneadh an tÚdarás Rialála Seirbhíse Maoine a bhunú le déanaí faoin Acht um Sheirbhíse Maoine (Rialála) 2011. Spreag an Roinn Dlí agus Cirt an dá thionscnamh reachtaíochta. Tá súil ag an OSFC go gcabhróidh na forbairtí seo leis na fadhbanna seo a réiteach agus meath a chur ar na gearáin seo.

#### Léaráid 2.1.5: Rochtain ar Chláir Ball Cuideachta

Bhí buarthaí ar bhall de chuideachta mhór bainistithe réadmhaoine atá bunaithe i mBaile Átha Cliath maidir le cothabháil na forbartha agus chinn siad gurbh é cruinniú ginearálta urghnách (CGU) an bealach ab fhearr le dul i ngleic leis an tsaincheist lena mbaineann an chuideachta. Chun amhlaidh a dhéanamh, theastaigh uaidh tacaíocht 10% de na baille a fháil d'fhoréileamh CGU.<sup>45</sup>

Mar iarmhairt air seo, d'iarr an gearánaí ar rochtain ar chláir na mball inar cuimsíodh a n-ainmneacha agus a seoltaí, ach diúltaíodh na hiarratais seo. Mar fhírinníú, luaigh gníomhaire na cuideachta saincheisteanna um chosaint sonraí mar chúis le sonraí teagmhála na mball a dhiúltú. Chuaigh an gearánaí i dteagmháil leis an Oifig a thug a aird ar an oibleagáid atá ar chuideachta agus ar a n-oifigh chun rochtain a cheadú ar chláir a mball.<sup>46</sup>

Tar éis dó a iarratas ar rochtain a athnuachan, sholáthar an chuideachta clár neamhiomlán. I ndiaidh gearán eile a fháil agus i ndiaidh don OSFC teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an gcuideachta, tugadh cóip iomlán den chláir don bhall.

#### Stiúrthóirí Dícháilithe agus Srianta

I 2011, lean an OSFC orthu bheith san airdeall ar aon chás inar gníomhaigh stiúrthóir dícháilithe nó srianta nó stiúrthóir féimheach mar stiúrthóir agus an dlí a shárú. Téitear i mbun gníomhaíochta i leith stiúrthóirí sna cásanna cuí le hiomláine an dícháilithe agus na gcóras srianta a choimeád chun leasa inbhuanaitheacht frontair.

<sup>45</sup> Alt 132 d'Acht na gCuideachtaí 1963.

<sup>46</sup> Alt 119 d'Acht na gCuideachtaí 1963.

### Cuideachtaí Díscailte Dócmhainneacha

Tá an OSFC fós meáite ar fhianaise a fháil i leith láithreachta chuideachtaí ‘phoenix’ agus cleachtais ógchiontóra eile ar a mbíonn sócmhainní agus gnó cuideachta a theip (ach gan na dliteanais) a thiomhndiú ina ghnáth-thoradh óir go bhfuil:

- iomaíocht sa mhargadh infheidhme gnó claonta, de bharr go mbaineann an chuideachta sochar as costais atá níos ísle ná costais an mhargaidh (mar shampla, trí neamhíocaíocht creidiúnaithe agus/nó na gCoimisinéirí Ioncaim). Mar thoradh air seo, d’fhéadfadh seo buntáiste neamhchóir iomaíoch a thabhairt don ógchiontóir sa mhargadh;
- bíonn creidiúnaithe thíos le caillteanais airgeadais, tarlaíonn sé go gcliseann ar roinnt díobh féin mar iarmhairt air seo, agus
- ní leagtar aon dliteanas pearsanta ar stiúrthóirí do na caillteanais tráchtála nó éalaíonn siad ón bhfreagracht as cliseadh na cuideachta.

Leanann cuideachtaí dócmhainneacha a dtréigeann a stiúrthóirí iad agus a mbaintear den Chlár Cuideachtaí de bharr gur theip orthu a dtuairisceáin bhliantúla a chomhdú le haird an OSFC a fháil i 2011. Is faoin OSFC atá sé iarratas a dhéanamh ar an Ard-Chúirt do dhícháiliú na stiúrthóirí de chuid na gcuideachtaí seo a baineadh den chlár<sup>47</sup>. Foráiltear sa dlí<sup>48</sup>, áfach, nach féidir leis an gCúirt duine a dhícháiliú a léiríonn don chúirt nach raibh aon dliteanais ag an gcuideachta ag tráth na bainte nó gur díscailleadh na dliteanais sin sular cuireadh tús leis an iarratas dícháilithe. Agus breithniú á dhéanamh ar an bpiónós a ghearrfar, féadfaidh an Chúirt, ina ionad sin, srian a leagan ar na stiúrthóirí sa chás go mbreithníonn siad nach raibh gá leis an dícháiliú.

Ní leanann gníomhartha Cúirte gach cuideachta a baineadh den chlár a dhéanann an Oifig a imscrúdú, áfach. I roinnt cásanna, déanann na hiar-stiúrthóirí a seasamh a rialú tríd an gcuideachta a baineadh den chlár a athchur ar an gClár. Is éard a bhíonn i gceist leis an nós imeachta seo na tuairisceáin bhliantúla uile atá amuigh; íocaíocht na dtáillí um chomhdú déanach agus i gcásanna inar baineadh an chuideachta den chlár ar feadh breis agus bliain amháin, an t-iarratas a rinneadh leis an Ard-Chúirt d’athbhunú na cuideachta a réiteach agus a chur ar aghaidh chuig an OCC

leis na ráitis airgeadais i gceangal.

I gcásanna eile, is féidir leis na hiar-stiúrthóirí an OSFC a shásamh gur socraíodh an uile dhliteanas ag tráth na baint roimh shaincheist na n-imeachtaí beartaithe Cúirte. Is gnách go dteastaíonn réiteach agus cur ar aghaidh na gcuntas cuí uaidh seo, agus is gnách go mbíonn orthu dul siar roinnt blianta, d’fhonn trádáil na cuideachta a léiriú ón tráth a cuireadh an tsraith dheireanach cuntas faoi bhráid an OCC nó ó ionchorpraíodh iad i gcásanna nár cuireadh cuntas faoi bhráid an OCC riamh. Ina theannta sin, ceanglaítear ar na hiar-stiúrthóirí a léiriú gur íocadh na creidiúnaithe uile nó gur socraíodh na fiacha sin, agus is gnách go n-iarrtar go ndeimhnítear seo go neamhspleách ó chreidiúnaithe aonair.

Rinneadh imscrúdú i 2011 ar thart ar 70 cás ina raibh baint ag breis agus 100 cuideachta a baineadh den chlár. Astu siúd, measadh nár oir 50 díobh do ghníomhaíocht dhlíthiúil nó tá imscrúdú fós á dhéanamh orthu. Sna 20 cás eile, cuireadh tús le himeachtaí dícháilithe nó bhí breithniú gníomhach á dhéanamh orthu tráth dheireadh na bliana.

I 2011, d’fhorbair an OSFC ár gcaidreamh le líon comhlachtaí agus aonán maidir le fiacha cuideachtaí agus chomhoibrigh siad go maith leo. I measc na n-aonán lenar bhain bhí:

- An Ghníomhaireacht Monatóireachta um Thionscadal Foirgníochta a imscrúdaíonn gearáin faoi neamhchomhlíonadh comhaontuithe fostaíochta cláraithe sa tionscal foirgníochta. Leagann na comhaontuithe seo oibleagáid dhlíthiúil ar fhostóirí chun a gcuid oibríthe a chlárú agus ranníocaíochtaí a dhéanamh ar a son;
- An Bord Pinsean agus Oifig an Ombudsman do Phinsin i dtaca le ranníocaíochtaí neamhíochta pinsin agus
- an Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le dliteanais iomarcaíochta atá amuigh.

Bhain fiúntas leis an bhfaisnéis a fuarthas maidir le cuideachtaí neamhleachtaithe dócmhainneacha a shainiú, agus úsáideadh í le teagmháil a dhéanamh leis na hiar-stiúrthóirí de na cuideachtaí sin. I gcás dícháilithe amháin i 2011, chruthaigh ceann de na fiachas bunaithe seo cuid den fhianaise i leith dócmhainneachta, agus tá coinne leis go mbeidh fiacha dá samhail sin faoi chaibidil i gcásanna dícháilithe eile a chloisfeá i 2012 agus dá éis sin. Tá breis sonraí ar fáil ar na himeachtaí dlí faoinar thug an OSFC i 2011 sa chéad mhír eile den Tuarascáil seo.

<sup>47</sup> Alt 160(2)(h) d’Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú).

<sup>48</sup> Alt 160(3A) d’Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú).

Sa chás go mbaintear aon chuideachta de Chlár na gCuideachtaí, dílsítear a sócmhainní atá fanta san Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcomhréir le forálacha na nAchtanna Maoine Stáit. In aon chás, nuair is dealraitheach go bhfuil ag cuideachta sócmhainn shuntasach ag tráth na bainte den chlár, tugann an OSFC é seo ar aird na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don ghníomhaíocht chuí.

I bhfianaise na n-iarmhairtí féideartha do stiúrtóirí a eascraíonn as tréigeadh na gcuideachtaí dócmhainneacha, ba cheart go ndéanfadh stiúrtóirí, ar mhaithe le stuama, breithniú dáiríre ar a gcuideachta a chur chun leachtaithe. Mar mhalairt air sin, mura bhfuil aon sócmhainní ag an gcuideachta, is féidir leis na stiúrtóirí baint dheonach a shocrú.

## Fosprioc 2.2: Sáruithe Tromchúiseacha faoi Achtanna na gCuideachtaí a Fhorfheidhmiú

### Réamhrá

Tugann an OSFC faoi ghníomhartha forfheidhmithe shibhialta agus choiriúil ar aon sna Cúirte. I measc na mórimeachtaí i 2011 maidir le himeachtaí dlí cuideachtaí, bhí:

- an chéad chiontú coiriúil ag an gCúirt Chuarda do dhlí cuideachtaí agus bhí ar an gciontóir tús a chur le téarma príosúnachta (trí bliana) mar thoradh air seo;
- ghearr an Ard-Chúirt téarma dícháilithe naoi mbliana ar iar-stiúrtóir bainc de bharr sáruithe dlí agus dualgais (tá sé seo á achomharc anois aige);

- cinneadh achomhairc na Cúirte Uachtaraí lena mbaineann líon réamh-shaincheisteanna fianaiseacha i ngníomhaíocht dícháilithe an OSFC atá ar siúl le fada i leith stiúrtóirí cuideachta atá sa tionscal foirgníochta. Rinneadh an chás seo a sheoladh ar ais chuig an Ard-Chúirt lena n-éisteacht iomlánach.

Tugtar níos mó faisnéise faoi na cásanna seo thíos.

### Imeachtaí Forfheidhmithe an OSFC

I 2011, bhí an rath dearg ar an Oifig maidir le líon cásanna a fhorfheidhmiú de mhainneachtain thromchúiseach amhrasta den dlí agus den dualgas i ndáil le hAchtanna na gCuideachtaí. D'eascair 44 ionchúiseamh, dícháiliú agus toradh eile rathúil, seo an líon b'airde ó 2008 i leith. Tugtar achoimre sa tábla a leanas ar an seasamh ar cuirtear ar fáil ann na sonraí coibhéiseacha do 2010.

I 2011, ghlac an Oifig páirt i 21 imeacht foirfheidhmiú shibhialta agus choiriúil. Bhí trí cinn díobh sa Chúirt Uachtarach, bhí 13 san Ard-Chúirt, ceann amháin sa Chúirt Chuarda agus ceithre cinn sa Chúirt Dúiche. Cuirtear seo i gcomparáid le deich n-imeachta forfheidhmithe ar an iomlán i 2010.

Ina theannta sin, rinne an Oifig iarratas ar ocht n-ordú imscrúdaitheach agus bhfaoisimh eile. Bhí dhá cheann díobh ar leibhéal na hArd-Chúirte agus sé cinn ar leibhéal na Cúirte Dúiche.

Is léir ón bhforamharc ar stádas agus ar thoradh na n-imeachtaí forfheidhmithe shibhialta agus choiriúil in **Aguisín 2.2.1** go raibh an rath dearg ar an Oifig athuair maidir lena ngníomhartha Cúirte a leanúint.

Toradh na nImeachtaí Rathúla Forfheidhmithe Dhlíthiúil	2010	2011
Cúiseamh ar a ndearnadh ciontuithe	8	20
Cúiseamh a cuireadh san áireamh ar ciontú	2	2
Dícháiliú	1	18
Srianta	–	2
Cinntí Eile	–	2
<b>Iomlán</b>	<b>11</b>	<b>44</b>

Tugtar in **Aguisín 2.2.2** miondealú níos sonraí ar na himeachtaí forfheidhmithe amháin, agus cuirtear sonraí na gcásanna san áireamh. I gcomhréir le cleachtas an OSFC, cuireadh achoimre ar gach toradh cáis ar a láithreán gréasáin ag [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie) le linn 2011. Sa chás gur leagadh bac ar dháta éifeachtach an smachtbhanna, cuireadh foilsíú an fhógra ar atráth go dtí gur éag an bac.

Chiorraigh athchur chun úsáide acmhainní an Gharda Síochána agus na hOifige chuig an imscrúdú ar Bhanc Angla-Éireannach go háirithe, tréchar imeachtaí forfheidhmithe an OSFC ó 2009 i leith. Chuaigh frithbhearta a ndeachthas ina mbun le blianta beaga anuas leis an tionchar seo a theorannú, áfach, chun sochair i 2011, amháin is léir ón méadú faoi cheathair a tháinig ar thorthaí rathúla vis-à-vis 2010.

## Gníomhartha Forfheidhmithe Shibhialta

Bhí thart ar 15 ghníomh den OSFC ar bun os comhair na gCúirteanna Uachtaraacha ag tús 2011, agus cuireadh tús le deich gcinn eile le linn na bliana. Imeachtaí dícháilithe,<sup>49</sup> a bhí i gceist le tromlach mór na ngníomhartha seo, agus b'arratais ar orduithe den Ard-Chúirt a bhí i gceist le dhá cheann díobh a chuir iallach ar leachtaitheoirí tuarascálacha thar téarma ar chuideachtaí dócmhainneacha a chur ar aghaidh chuig an Oifig. Cuireadh 12 de na 25 cás seo i gcrích i 2011<sup>50</sup>.

Tugadh trí cinn de na seacht n-achomharc a bhí os comhair na Cúirte Uachtaraí ag tús 2011 i gcrích nó éistíodh leo go substaintiúil i 2011, agus astu seo:

- cheadaigh an Chúirt achomharc OSFC i leith chinneadh na hArd-Chúirte a dhiúltaíonn cuntasóir agus iniúchóir a dhícháiliú agus rinneadh téarma dhá bhliain a ghearradh;
- thug an Chúirt le fios go raibh orthu srianadh a chur in ionad téarma dícháilithe naoi mbliana a ghearr an Ard-Chúirt ar iar-Stiúrthóir Feidhmeannach de Bhanc Éireannach Náisiúnta Teo. Bhí an cás fós ar bun tráth dheireadh na bliana, de bharr gur mhian leis an gCúirt Uachtarach uirill a chlosteáil ar thionchar srianta ar an bhfreagróir go luath in 2012;

- rinne an Chúirt achomhairc an OSFC agus na bhFreagróirí araon a dhiúltú lenar bhain réamh-shaincheisteanna fianaiseacha i ngníomhaíocht fhadhmharthanach dícháilithe an OSFC i leith stiúrthóirí cuideachta atá sa tionscal foirgníochta.

Tugadh breac-chuntas ar ghnéithe an chéad chinn de na breitheanna seo i **Léaráid 2.2.1** de Thuarascáil Bhliantúil 2010 an OSFC, de bharr gur seachadadh an príomhbhreith den Ard-Chúirt i 2010 agus gan ach an tréimhse dhícháilithe le deimhniú go luath i 2011. De bharr go mbaineann a mhacasamhail de thábhacht leis an dá bhreith eile atá fanta, pléitear i **Léaráid 2.2.1** agus i **Léaráid 2.2.2** gnéithe de na breitheanna seo. Leanfaidh an dara cás dícháilithe ar aghaidh chuig éisteacht iomlánach os comhair na hArd-Chúirte.

<sup>49</sup> Faoi Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú).

<sup>50</sup> Faoi Alt 371 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú).

**Léaráid 2.2.1: Stiúrthóir Forfeidhmíthe Chorporáidigh v. Barry Seymour**

In Iúil 2004, foilsíodh Tuarascáil Chigireachtaí na hArd-Chúirte ar chuntais bhréagacha agus neamhchónaithe agus ar chleachtais eile míchuí ag Banc Éireannach Náisiúnta Teo (“NIB”) agus ag Seirbhísí Airgeadais Bhanc Éireannach Náisiúnta Teo. Tar éis breithniú a dhéanamh ar thorthaí freagrachta na Tuarascála, chuir an Stiúrthóir tús le himeachtaí dícháilithe na hArd-Chúirte i leith naonúr iar-pearsanra lucht bainistíochta sinsearach de NIB i lár 2005. Bhí post Stiúrthóir Feidhmeannaigh ag duine de na daoine sin, an tUasal Barry Seymour, ón 22 Aibreán 1994 go dtí an 15 Iúil 1996. Chosain an tUasal Seymour na himeachtaí go dícheallach faoi Alt 160(2)(b), (d) agus (e) d’Acht na gCuideachtaí 1990 (“Acht 1990”).

Ar deireadh thiar, i ndiaidh éisteacht sé lá in 2007, rinne an Ard-Chúirt é a dhícháiliú do naoi mbliana agus a chostais a dhámhachtain ar an Stiúrthóir. Rinne an tUasal Seymour an cinneadh a achomharc leis an gCúirt Uachtarach, agus cuireadh bac ar ordúithe dícháiliúcháin agis costais agus toradh an achomharc ar feitheamh.

An 6 Nollaig 2011, cheadaigh an Chúirt Uachtarach achomharc an Uasail Seymour d’aon toil agus rialaigh siad nach raibh ordú dícháilithe cuí sa chás. Chinn an Chúirt gur theip ar an Ard-Chúirt cinní soiléara a dhéanamh i leith an Uasail Seymour i gcomhréir leis an tástáil infheidhme do dhícháiliú, seachas b’fhéidir ar bhonn amháin. Is éard a mhaígh an Chúirt, i measc rudaí eile:

*“Is deacair a fheiceáil conas a d’fhéadfaí an tástáil, ambail a bhunaítear sa dlínse seo, tacú le hOrdú, seachas, ambail a luaitear níos luaithe, maidir le cás amháin ar a bhfillfidh mé. Nílím feasach ar aon údarás, dlí cáis nó scríbhinn acadúil a áiríonn freagracht a eascraíonn, ipso facto, de bhua duine bheith ag feidhmiú mar stiúrthóir feidhmeannach, d’fhonn dliteanas ‘bunfhreagrachta’ a chruthú, agus ordú dícháilithe iarmharach atá chomh dian céanna...”*

*Dá ainneoin sin, is ann go fóill don tsaincheist thábhachtach lena mbaineann mainneachtain a chinntiú gur cuireadh na hiocaíochtaí DIRT ar ais chuig na Coimisinéirí Ioncaim mar ba chuí, i gcomhlíonadh an Achta Airgeadais, 1986. Baineann seo le ‘cuntais bhréagacha agus neamhchónaithe’ araon mar aon le ‘Cuntais Choigiltí Speisialta’. Is léir ón bhfianaise gur chruthaigh na figiúirí go huathoibrioch ag riomhaire, ar leibhéal brainse, agus gur cuireadh ar ais iad chuig an gceannoifig, agus gur soláthraíodh iad lena síniú le ráiteas dearfach go raibh siad i gceart agus beacht. Níor sheiceáil an t-achomharcóir riamh na tuairisceáin sin i leith a gcrúinnis nó a mbeachtais, fiú cé go raibh sé soiléir go raibh teip leanúnach sna cuntais neamhchónaithe agus choigiltis speisialta, ach gur síníodh agus soláthraíodh iad ar an toimhde go raibh siad i gceart, agus ní hamhlaidh a bhí siad. Sháraigh siad, ar an ábhar sin, téarmaí sonracha Acht 1986. Cé nár thuig an t-achomharcóir an tsaincheist shiarghabhálach fhéideartha, bhí sé ina rí-thábhacht nach ndearnadh na tuairisceáin sin a dhéanamh ar bhonn uirill do na Coimisinéirí Ioncaim go raibh siad i gceart agus cruinn um an dtaca sin. Ba theip thromchúiseach seo.”*

I ndiaidh éisteacht bhreise go luath in 2012, d’fheidhmigh an Chúirt Uachtarach a lánrogha faoi Alt 160(9A) d’Acht 1990 agus chuir siad srianadh ar an Uasal Seymour ar feadh cúig bliana le héifeacht ón 6 Nollaig 2011. Ina theannta sin, rinne an Chúirt 50% dá chostais Ard-Chúirte agus Chúirte Uachtaraí sa chás a dhámhachtain ar an Stiúrthóir.

Bhí cúig achomharc bhreise ó iar-bhainisteoirí Bhanc Éireannach Náisiúnta ag feitheamh lena n-éisteacht ag deireadh na bliana, ina measc bhí achomharc nua ar cuireadh tús leis i leith téarma dícháilithe naoi mbliana a ghearr an Ard-Chúirt i 2011 i leith iar-phríomhfheidhmeannach agus iar-stiúrthóir an Bhainc.

Ina theannta sin, bhí cás deiridh dícháilithe lena bhainisteoir de Bhanc Éireannach Náisiúnta fós ar siúl ar leibhéal na hArd-Chúirte ag deireadh 2011.



### Léaráid 2.2.2: Stiúrthóir um Forfheidmiú Corparáidigh v. Michael agus Thomas Bailey

In 2006, chuir an OSFC tús le himeachtaí dícháilithe Ard-Chúirte i leith an Uasail Michael Bailey agus an Uasail Thomas Bailey, stiúrthóirí Bovale Developments. Roimh an éisteacht, chuir na Freagróirí tús le hagóid dhlíthiúil i leith inghlachtacht fianaise áirithe den OSFC lenar áiríodh brath ar thorthaí áirithe sna Tuarascálacha ar Bhinse Flood.

Tar éis don Ard-Chúirt breithiúnas a dhéanamh in 2007, rinneadh an t-ábhar a achomharc, agus in Iúil 2011, thug an Chúirt Uachtarach breithiúnas san ábhar, a dhearbhaigh, inter alia, nárbh fhéidir torthaí binsí fiosrúcháin a úsáid i ndlíthíocht níos déanaí. Ina bhreithiúnas, thagair an tUasal Hardiman do phríomhchás Goodman International agus Lawrence Goodman v. an Breitheamh Onórach, an tUasal Liam Hamilton, Éire agus an tArd-Aighne [1992] 2 IR 542 amháil a leanas:

*“Níl amhras ar bith ann gurb é croilár an tsleachta ó Finlay C.J. ar chuir an Stiúrthóir um Fhorfheidmiú Corparáideach ina aghaidh an ráiteas a leanas:*

*‘...ní chruithaíonn [cinneadh binse] d’fhirinne nó de bhréige aon líombna ar leith a d’fhéadfadh bheith faoi réir dlíthíocht reatha nó fhéideartha, aon chuid den ábhar nach mór do chúirt cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an bhféadfadh dlíthíocht brath air nó nach bhféadfadh. Ní féidir é a úsáid mar arm ionsaithe nó cosanta ag dlíthí ag a bhfuil agóid á déanamh i leith an ábhair chéanna le cearta eile páirtí a eascraíonn ó líomhain áirithe gur sártaodh conradh nó go raibh iompar mídhleathach nó míchleachtas ar bun.’*

*Is é an sliocht sin, go han-sonrach, a chuireann bac ar fhorbairt chinntí an Bhinse mar arm ionsaithe i lámha an dlíthí, an Stiúrthóir um Fhorfheidmiú Corparáideach sa chás seo.*

#### **Cineál dlíthiúil binse.**

*I bhfríotal Costello J. (mar a bhíodh aithne air um an dtaca sin) seachas Finlay C.J. a thug breithiúnas na hArd-Chúirte in **Goodman**, is é cinneadh an Bhinse Fiosrúcháin:*

- gan aon dliteanais a ghearradh nó aon chearta a chur chun éifeachta (lch 557),
- níl ach stádas tuairimíochta ag a chonclúidí agus ‘níl aon iarmhairtí dlíthiúla ag na tuairimí seo’ (lch 557),
- comhlacht a bhfuil a gcuid cinntí ‘steiriúil i dtaobh éifeacht dhlíthiúil’ (lch 562) agus
- arb é a gcuspóir ‘ach chun fiosrúchán agus tuairisciú a dhéanamh’ (ibid).

*Cinntear in áiteanna eile gurb amháil a leanas feidhm fiosrúcháin:*

*‘Cinneadh fírice a dhéanamh, in éifeacht, in vacuo agus le hé a thuairisciú don reachtas (lch 590).’*

Tugadh naoi gcás dícháilithe eile chun críche le linn na bliana ar leibhéal na hArd-Chúirte agus bhí baint ag stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha díscailte a baineadh de Chlár na gCuideachtaí de bharr gur theip orthu tuairisceáin amuigh a chomhdú. Cuimsítear sonraí faoi na cásanna as ar eascair gearradh dícháilithe nó srianta ar stiúrthóir amháin nó níos mó laistigh d’**Aguisín 2.2.3** leis an Tuarascáil. Cuimsítear cúinsí ceann amháin de na cásanna atá i gceist i **Léaráid 2.2.3** a leanas.

Baineadh sraith amháin d’imeachtaí dícháilithe an OSFC tar éis gur athbhunaigh na stiúrthóirí a bhí i gceist an dá chuideachta dhíscailte chuig an gClár i ndiaidh sheirbhéil na n-imeachtaí agus mhionnaigh siad mionscríbhinní nach raibh aon fhiacha ag cúig chuideachta eile. Rinne na mionscríbhinní seo ráitis iniúchta airgeadais a léiriú do gach ceann de na cuideachtaí a bhí faoi chaibidil.

Ag deireadh 2011, b'ann do chúig ghníomh bhreise dícháilithe a bhí díreach tosaithe agus ag feitheamh lena n-éisteacht.

### Léaráid 2.2.3: An Stiúrthóir um Forfeidhmíú Corparáideach v. David, John agus Matthew Hogan

I 2009, fuair an OSFC gearán ó chreidiúnaí de chuid Shannonside Mushrooms Limited (“Shannonside”) lenar bhain breithiúnas gan sásamh. I ndiaidh fiosrú a dhéanamh, tháinig sé chun solais gur stiúrthóirí cuideachtaí eile a bhí i stiúrthóirí Shannonside, agus gur baineadh iad seo uile de Chlár na gCuideachtaí de bharr gur theip orthu tuairisceáin bhliantúla a chomhdú. Roimh an mbaint den chlár, léirigh na cuntais ba dhéanaí a comhdaíodh san Oifig um Chlárú Cuideachtaí maidir le gach ceann de na ceithre chuideachta go raibh creidiúnaithe amuigh acu. Thug fiosrúcháin an OSFC chun solais gurbh iad na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus tríú páirtithe eile a bhí i measc na gcreidiúnaithe, agus nár sholáthar na stiúrthóirí aon fhianaise lena mhéid a chur in iúl a díscaoileadh na suimeanna ag tráth na bainte. Cuireadh na tosca eile géaraitheacha i bhfianaise, freisin, os comhair na Cúirte, ach níor imir siad aon tionchar soiléir ar na hábhair ina Bhreithiúnas.

I Nollaig 2011, dhícháiligh an Chúirt tríúr stiúrthóirí, John Hogan, David Hogan agus Matthew Hogan, ar feadh cúig bliana agus bac a leagan ar an ordú i ndáil leis an mbeirt iar-stiúrthóirí ar feadh tréimhse dhá sheachtain déag. Ina theannta sin, rinne an Chúirt a chostais a dhámhachtain ar an Stiúrthóir ar ar gearradh cáin d'éagmais comhaontú i nascpháirt agus go leithleach.

Ina theannta sin, rinneadh dhá chás eile den OSFC i leith leachtaitheoirí a thabhairt chun críche ar theip orthu go leanúnach tuarascálacha thar téarma a chur faoi bhráid na hOifige faoi na cuideachtaí a raibh siad ag gníomhú mar leachtaitheoirí dóibh freisin. Sa dá chás, sheol na leachtaitheoirí a dtuarascálacha i ndiaidh sheirbheáil na n-imeachtaí ach roimh éisteachtaí na hArd-Chúirte.

## Iarratais Leachtaitheoir ar Shrianta agus ar Dhícháilithe

Amhail a luadh níos luaithe sa Tuarascáil seo, tá oibleagáid ar leachtaitheoirí chun dul i mbun imeachtaí srianta i leith stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha ar a bhfuil leachtú á dhéanamh mura mbaineann an OSFC an oibleagáid sin díobh.<sup>51</sup> Leanann leachtaitheoirí le himeachtaí srianta nó dícháilithe os comhair na hArd-Chúirte i mionlach na gcásanna.

I rith 2011, rinne an Ard-Chúirt cinntrí ar 88 iarratas ar shrianadh (98 i 2010). Rinneadh stiúrthóir amháin nó níos mó a shrianadh nó a dhícháiliú i 82 cás (97 i 2010) a léirigh 93% den iomlán (99% i 2010). Ní dhearnadh aon orduithe srianta a dhéanamh i sé chás (ceann amháin i 2010), agus sainaitnítear iad seo in **Aguisín 2.2.4**. Tugann na torthaí seo le tuiscint gur éirigh leis an OSFC leanúint agus na cásanna a shainaithint ónar theastaigh breithniú na hArd-Chúirte.

Ag eascairt ó imeachtaí leachtaitheora, cuireadh srian ar 119 stiúrthóir aonair (156 i 2010); dícháilíodh naonúr stiúrthóirí (ocht ar 2010), agus ní dhearnadh aon orduithe i leith tríúr stiúrthóirí déag (seisear i 2010). Ciallaíonn seo go ndearna an Chúirt orduithe i leith 91% de na 141 stiúrthóir (96% i 2010) a bhí faoi réir imeachtaí srianta nó dícháilithe i rith 2011.

Maidir leis na himeachtaí srianta leachtaitheora a tugadh chun críche os comhair na hArd-Chúirte i 2011, tugtar breac-chuntas ar thoradh na gcásanna sa chás go ndearnadh srianta agus ar aitheantas na ndaoine faoi chaibidil in **Aguisín 2.2.5** leis an Tuarascáil seo.

Sainaitnítear in **Aguisín 2.2.6** an naonúr stiúrthóirí de chuideachtaí dócmhainneacha a dícháilíodh ag imeachtaí leachtaitheora i rith 2011 agus na tréimhsí dícháilithe lenar bhain. Tugtar breac-chuntais achomair i **Léaráid 2.2.4** a ghabhann leis seo ar na cúinsí sna cásanna seo. Is údar sásaimh don OSFC toilteanas leanúnach roinnt leachtaitheoirí le himeachtaí dícháilithe a ghlacadh i dtaca le mí-iompar tromchúiseach a bhraitear, agus tá coinne ag an Stiúrthóir leis go nglacfar cásanna dá samhail in 2012.

51 Alt 56 den Acht um Fhorfeidhmíú Dlí Cuideachtaí, 2001.

#### Léaráid 2.2.4: Cuideachtaí Dócmhainneacha – Dícháiliú Leachtaitheoirí i 2011

Rinneadh an tUasal Michael Lynn, stiúrthóir de chuid Kendar Holdings Ltd, a dhícháiliú ar feadh 12 bhliain. Chuala an Ard-Chúirt fianaise chalaoiseach faoin Uasal Lynn gur thug sé gealltanais iomadúla d'institiúidí airgeadais d'fhonn iasachtaí a fháil d'eadálacha réadmhaoine, agus bhí siad thíos le mórchaillteanais dá bharr. D'úsáid sé cistí cuideachta le hóc as costais phearsanta stíl mhaireachtála agus as caiteachas suntasach margáíochta agus fógraíochta a chuid cuideachtaí thar lear. Ghníomhaigh an tUasal Lynn le heaspa rochtana a bheith ar shócmhainní ag creidiúnaithe. Ní raibh na céadta ceannaitheoir réadmhaoine a d'foc éarlaisí móra in ann teagmháil a dhéanamh leis nó a gcistí a aisghabháil de bharr go raibh cónaí thar lear air ó Nollaig 2007 i leith mar iarracht le himeachtaí tromchúiseacha sibhialta agus coiriúla a sheachaint. Ina theannta sin, rinneadh an tUasal Lynn a bhaint de Rolla na nAturnaetha agus d'ordaigh an Chúirt go n-íocfadh sé fineálacha €2 milliún le Dlí-Chumann Corpraithe na hÉireann.

Gearradh dícháiliú deich mbliana ar an Uasal Michael (Gerry) O'Shea, stiúrthóir Bacus Cafes Ltd. Chuala an Ard-Chúirt fianaise gur dhíol sé sócmhainní cuideachta sna seachtainí sular foirceannadh an chuideachta ag Ordú Cúirte a chur bac ar an leachtaitheoir na fáltais seo a úsáid ar mhaithe le creidiúnaithe. D'úsáid an tUasal O'Shea breis agus €100,000 de chistí cuideachta le fiacha cuideachta eile a dhíscaoileadh, ar a raibh sé ina stiúrthóir. Ina theannta sin, theip air leabhair agus taifid chuí chuntais a choimeád sa chuideachta.

Rinneadh an tUasal Jas Kalsi, stiúrthóir MPS Global Ltd, a dhícháiliú ar feadh ocht mbliana maidir leis an gcuideachta infheistíocht réadmhaoine seo. Mhaígh an Chúirt gur páirtí a bhí san Uasal Kalsi a bhí eolach ar thabhairt faoin ngó ar bhealach meargánta agus é ar intinn cearta a cheilt ar chreidiúnaithe agus d'ordaigh an Chúirt gur cheart dó bheith faoi dhliteanas go pearsanta as fiacha agus as dliteanas a mhéid le suim uasta €4,491,444. Tugadh 'ordú caltha' don leachtaitheoir thar shócmhainní pearsanta an Uasail Kalsi. Chuala an Chúirt fianaise gur chuir a theip chun leabhair chuí chuntais a choimeád le héagumas na cuideachta chun íoc as a gcuid fiach uile agus gur eascair neamhchinnteacht shubstaintiúil i dtaca le sócmhainní agus dliteanas na cuideachta agus gur chuir seo bac substaintiúil ar fhoirceannadh ordúil ghnóthaí na cuideachta.

Gearradh dícháiliú sé agus cúig bliana ar bheirt stiúrthóirí de chuid Acuspread Ltd – an tUasal David McWeeney agus an tUasal Noel Mackin, faoi seach. Chuala an Ard-Chúirt fianaise gur cheart gurbh eol dóibh go raibh an chuideachta ag trádáil fad a bhí siad dócmhainneach roimh a leachtú i mBealtaine 2010 agus aird ar na 16 bhreithiúnas a cláraíodh ag a gcreidiúnaithe a fhad siar leis lár 2008 mar aon le tarlú seiceanna obtha. B'ann do ghrúpa creidiúnaithe neamhurraithe ag a raibh fiacha breis agus €528,000 ar an iomlán. Ní bhfuair líon taisceoirí d'innill scaipthe na cuideachta iad agus úsáideadh a n-éarlaisí le costais eile chuideachta a chistiú. B'ann freisin do dhroch-chuntasaíocht i ndáil le go leor idirbheartaíochtaí airgid agus theip ar chomhoibriú go hiomlán leis an leachtú.

Rinneadh ordú dícháilithe 'don tréimhse chuí sin is dóigh leis an gCúirt' i leith an Uasail Patrick Mahony, agus rinneadh srianadh cúig bliana i leith an Uasail Ita Mahony, ar stiúrthóirí Boxform Ltd iad beirt, cuideachta atá san earnáil foirgníochta. Tuigtear go ndéanfaidh an leachtaitheoir iarratas breise Cúirte le tréimhse chuí dhíchláilithe an Uasail Mahony a dheimhniú. Mhaígh an Chúirt go ndearna na stiúrthóirí fócaíochtaí áirithe le banc ar measadh go raibh siad ina dtosaíocht chalaoiseach de chreidiúnaithe na cuideachta agus a bhí neamhbhailí dá dheasca sin. D'fhógair an tOrdú céanna Cúirte go raibh Patrick agus Ita Mahony araon faoi dhliteanas go pearsanta gan aon teorainn ar dhliteanas d'fhiacha agus do dhliteanas uile na cuideachta de bhun Alt 297A d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú) a bhaineann le trádáil chalaoiseach nó mheargánta. D'ordaigh an Chúirt, áfach, nach mbeadh an dliteanas pearsanta a bhaineann le Bean Mahony infheidhmithe dá ndéanfadh sí ráiteas faoi mhionn ar ghnóthaí a chomhdú a léireodh nach raibh aici aon sócmhainní pearsanta de shubstaint agus dá dtabharfadh sí faoin leachtaitheoir a chur ar an eolas faoi aon athrú ar a suíomh laistigh de thréimhse trí bliana ó dháta a dícháilithe. Tuigtear gur sholáthar sí ráiteas faoi mhionn ar ghnóthaí don leachtaitheoir idir an dá linn.

Rinneadh an tUasal Dermot Doran, stiúrthóir Éamonn Doran Ltd, a dhícháiliú do chúig bliana. Chuala an Ard-Chúirt fianaise go raibh an chuideachta i mbun trádála fad a bhí siad an-dócmhainneach agus cailteanais le sonrú in 2005, 2006, 2007 agus 2008 agus nárbh fhéidir leo a ndliteanas do na Coimisinéirí Ioncaim a chomhlíonadh ó Iúil/Lúnasa 2007 ar aghaidh. Chreid an leachtaitheoir gur bhain na drochfhiacha €332,000 le hiasachtaí a thug an chuideachta leis an Uasal Doran. Ina theannta sin, theip ar an stiúrthóir leabhair agus taifid chuí chuntais a choimeád a chur bac ar mhonatóireacht a dhéanamh ar a seasamh airgeadais.

Gearradh dícháiliú cúig bliana ar an Uasal David Casey, stiúrthóir Keylogues Fabrication Ltd. Chuala an Ard-Chúirt fianaise gur thaisealbh an tUasal Casey lóisteáil €105,000 dó féin go bréagach nuair ó fhéichiúnaí trádála a tháinig sé. Ina theannta sin, bhí aige iasachtaí €95,538 amuigh ón gcuideachta tráth dheireadh 2007 agus tháinig méadú faoi €54,000 orthu seo bliain dá éis sin, agus bhí tionchar diúltach aige seo ar ionchais na cuideachta.

Rinneadh an tUasal Joseph Bruen, stiúrthóir Phone-Pak Ltd, a dhícháiliú ar feadh cúig bliana. Chuala an Ard-Chúirt fianaise go raibh an leachtú mar thoradh ar charnadh riaráistí substaintiúla i gcuntas na cuideachta lena bpríomhsholáthraí. Bhí breis agus €1.6 milliún ag an mórchreidiúnaí seo ar an gcuideachta agus rinne sé é a achainiú leis an Ard-Chúirt chun gnóthaí na cuideachta a fhoirceannadh. Tugadh roinnt urrús, lena n-áirítear ráitis airgeadais nár réitíodh i gceart, don chreidiúnaí ar theip air an t-airgead a sholáthar.

## Líon na Stiúrthóirí Srianta tráth dheireadh 2007 go dtí deireadh 2011 agus an bhliain sin san áireamh

Deireadh 2007	Deireadh 2008	Deireadh 2009	Deireadh 2010	Deireadh 2011
791	624	538	589	528

### Dícháiliú agus Srianta go Ginearálta

Coimeádann an Clár Cuideachtaí cláir atá cothrom le dáta de dhaoine ar a bhfuil srianadh nó atá dícháilithe, agus tá fáil ar áis phoiblí chuardaigh ar na cláir seo ag [www.cro.ie](http://www.cro.ie).

Ag deireadh 2011, bhí 210 duine arna ndícháiliú de bhun orduithe na hArd-Chúirte a eascraíonn ó sháruithe dlí cuideachtaí, lena n-áirítear cúigear daoine a dícháilíodh ag eascairt óna gciontú de bharr gur theip orthu a ndícháiliú a fhógairt i ndlínse eile<sup>52</sup> agus ceathrar a dícháilíodh ar bhonn a gciontuithe de bharr gur ghníomhaigh siad mar stiúrthóir fad a bhí srianadh orthu<sup>53</sup>. Measadh gur cheart 3,622 duine breise a bhí liostáilte ar Chlár na nDaoine Dícháilithe a dhícháiliú de bhun go bhfuair siad ciontú incháilithe coiriúil<sup>54</sup>. I measc na gciontuithe sin tá ciontuithe i leith calaoise, mar shampla.

Ar an iomlán, b'ann do laghdú ar líon na ndaoine ar a raibh srianadh ó 589 go dtí 528. Léirigh an meath seo an chaoi gur sháraigh na líonta a chríochnaigh a dtréimhse éigeantach shrianta i 2011 na líonta de stiúrthóirí ar a cuireadh srianadh i dtosach báire. Léiríonn an tábla thuas an líon daoine srianta ag deireadh gach bliana ó bhí 2007 inár dteannta.

### Gníomhartha Forfeidhmithe Choiriúil

Rinneadh cúig chás lenar bhain ciontuithe dlí cuideachtaí a ionchúiseamh go rathúil i 2011 agus d'eascair ciontuithe as 20 cúiseamh agus cuireadh san áireamh dhá chúiseamh bhreise.

D'eascair gearradh téarmaí príosúnachta as ceann amháin de na cásanna seo ar an té a cúisíodh, arbh é seo an chéad ócáid gur cuireadh pionós den tsamhail sin i bhfeidhm. Cé gur eascair gearradh pionós príosúnachta as líon beag ciontuithe i leith dlí cuideachtaí roimhe seo, rinneadh

iad seo uile a chur ar fionraí dá éis sin nó a chur ar ceal ar achomharc. Tugtar sonraí i Léaráid 2.2.5 thíos faoin gcás.

#### Léaráid 2.2.5: An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Kenneth Shanny

Cuireadh tús leis an imscrúdú seo tar éis go bhfuarthas tuarascáil fhairsing ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC). Fuair an OCC tuairisceán lochtach bliantúil ónar theastaigh comhfhreagras leis an té ar dealraitheach a chuir i láthair é. Rinne an láithreoir a shéanadh, áfach, gur chomhdaigh sé an tuairisceán a bhí faoi chaibidil agus nár thug sé faoin iniúchadh ar na cuntais a ghabh leis. I ndiaidh imscrúdú a dhéanamh, ba léir gur chomhdaigh an tUasal Shanny an tuairisceán agus na cuntais ar a ndearnadh iniúchadh bréagach. Deimhníodh, freisin, gurbh ann d'ócáidí gadaíochta agus calaoise lenar bhain sócmhainní na cuideachta a bhí i gceist.

Rinne na Gardaí a tugadh ar iasacht don OSFC imscrúdú ar an gcás seo go príomha a bhí in ann, de bhun Alt 12(4) den Acht um Fhorfeidhmiú Dlí Cuideachtaí 2011, a ngnáthchumhachtaí den Gharda Síochána agus iad siud a bhí ar fáil d'oifigigh den Stiúrthóir faoi Acht na gCuideachtaí a úsáid. I ndiaidh comhad an imscrúdaithe a atreorú chuig an SIP, cúisíodh an tUasal Shanny, i ndeireadh na dála, le 16 chion, 13 faoin Acht Ceartais Choiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001 agus trí chinn faoi Acht na gCuideachtaí 1990. Bhain cionta dlí cuideachtaí le hAlt 187 (cáiliú do cheapadh mar iniúchóir) agus Alt 242 (faisnéis bhréagach a sholáthar).

I ndiaidh roinnt éisteachta in Eanáir agus in Aibreán 2011, chiontaigh Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath an cosantóir ar dhá chúiseamh, ceann amháin faoi gach Acht. Gearradh théarma trí bhliain chomhthráthacha príosúin ar gach cúiseamh agus cuireadh an bhliain deiridh ar gach ceann ar fionraí. Beidh air banna um dhea-iompar a chomhlíonadh ar feadh dhá bhliain i ndiaidh a scaoilte freisin.

<sup>52</sup> Alt 160(1A) d'Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú).

<sup>53</sup> Alt 161(2) d'Acht na gCuideachtaí 1990.

<sup>54</sup> Alt 160(1) d'Acht na gCuideachtaí 1990.

Bhain dhá cheann de na cúig chás eile i 2011 le cuideachta ar theip orthu leabhair chúí chuntais<sup>55</sup> a choimeád sa chás go bhfuarthas ciontuith ar sheacht gcúiseamh ar an iomlán. Rinneadh ceann amháin de na cásanna sin a achomharc idir an dá linn.

Dhéileáil dhá ionchúiseamh eile le daoine neamhcháilithe a ghníomhaigh mar iniúchóir<sup>56</sup> agus bhí 12 chúiseamh ar an iomlán i gceist. Rinneadh ceann amháin de na ciontuith a gearradh a achomharc idir an dá linn.

Bhí an séú cás sceidealaithe lena éisteacht go luath in 2012, lenar bhain cúiseamh i leith gníomhú mar iniúchóir fad a bheith dícháilithe agus faisnéis bhréagach a sholáthar don Chláraitheoir Cuideachtaí.

## Conclúid

Amhail a thugtar le tuiscint níos luaithe, tháinig feabhas ar ghníomhaíocht shibhialta nó chóiriúil i 2011 d'ainneoin athúsáid acmhainní um sholáthar foirne d'imscrúdú imeachtaí áirithe ag Banc Angla-Éireannach agus an t-ionsá mór de thuarascálacha leachtaitheora nach mór déileáil leo laistigh d'amfhráma reachtúil.

D'eascair an feabhsú as glacadh líon bearta le blianta beaga anuas le leibhéal réasúnach de thréachur a choimeád sa limistéar forfeidhmíthe. Áirítear leo seo, go háirithe:

- úsáid níos mó d'fhoireann an OSFC maidir le ráitis finné a ghlacadh in imscrúduithe coiriúla nár bhain leis an mBanc. Glacadh thart ar 44 ráiteas finné ar an mbealach seo i 2011. Leanann foireann an Gharda Síochána le hiad féin a chur ar fáil d'agallamh a chur ar dhaoine ar a bhféadfadh amhras bheith;
- athdháileadh freagrachta i measc grúpa beag d'fhoireann dlí agus eile le cásanna féideartha dícháilithe a phróifiliú agus a chur chun cinn.

Tá súil leis gur féidir leibhéal gníomhaíocht forfeidhmíthe 2011 a choimeád i 2012. Beidh imscrúduithe ar Bhanc Angla-Éireannach ina dtosaíocht don bhliain, áfach, i dtéarmaí thabhairt chun críche imscrúduithe na hOifige agus dul i ngleic le haon riachtanais leantacha den Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí maidir leis na comhaid imscrúdaithe. Ag brath ar mhéid na riachtanas sin, d'fhéadfadh scóip áirithe a bheith ann don Oifig lena n-acmhainní a athdhírú ar thosaíochtaí eile de réir mar a ghabhann an bhliain ar aghaidh.

Maidir le cúrsaí forfeidhmíthe agus amhail a luadh níos luaithe sa Tuarascáil seo, bhí tionchar nach rabhtas ag súil leis ag foráil san Acht Airgeadais 2011 ar mhalartuithe faisnéise ó na Coimisinéirí Ioncaim chuig an Oifig seo. Tá iarratas déanta againn go mbainfear an fhadhb dhlíthiúil seo i mbliana trí leasú reachtaíochta. D'uireasa athrú sásúil, cuirfidh an fhadhb seo bac ar chumas na hOifige níos déanaí i 2012 chun cásanna cuideachtaí díscailte dócmhainneacha a shainathint agus dul i mbun gníomhartha dícháilithe i ndáil lena stiúrthóirí sna cásanna cuí, go héifeachtach.

55 Alt 202(10) d'Acht na gCuideachtaí 1990.

56 Alt 187(9) d'Acht na gCuideachtaí 1990.

## Sprioc 3: Seirbhísí Ardchaighdeáin a chur ar fáil do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha

### Réamhrá

Amhail a bheidh soiléir ó na codanna níos luaithe den Tuarascáil, lean an OSFC orthu agus ualach dúshlánach a bhainistiú i 2011. Dá ainneoin sin, rinne siad seirbhísí ardchaighdeáin dá gcustaiméirí seachtracha agus inmheánacha a choimeád le linn na bliana. Tugtar breacchuntas ar na príomhfhorbairtí i ndáil le hacmhainní agus le seirbhísí na hOifige thíos.

### Fosprioc 3.1: Ár gCuid Acmhainní a Fháil agus Bainistíocht Stuama a Dhéanamh Orthu

#### Acmhainní Airgeadais

Rinneadh costais riaracháin na hOifige i 2011 trí Fhotheideal A09 de Vóta 34 (an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta). Tugtar thíos na suimeanna a leithdháileadh agus a caitheadh do na príomhtheidil phá agus neamhphá i bhFotheideal A09 sa tábla a leanas.

Fotheideal A09, Vóta 34	Cionroinnt 2011 (€000anna)	Caiteachas 2011 (€000anna)
Pá	2,660	2,629
Neamhphá	3,307	768
Fotheideal Iomlán A09	5,967	3,397
Fotheideal X02, Vóta 34	491	0
<b>Fotheidil Iomlána A09/X02</b>	<b>6,458</b>	<b>3,397</b>

Léirigh an táirgeacht de nach mór €3.4 milliún laghdú thart ar 7.5% ar tháirgeacht beagán faoi bhun €3.7 milliún i 2010. Leantar le gach iarracht a dhéanamh le caiteachas agus le dliteanais an OSFC a theorannú. Tugtar miondealú sonraithe de chaiteachas na hOifige le linn na bliana a bhaineann leis an dá bhliain roimhe sin in **Aguisín 3.1.1**.

Ar an iomlán, tá an Stiúirhóir sásta, agus aird ar a gclár suntasach oibre, gur baineadh amach luach ar airgead arís do chaiteachais na hOifige i 2011.

### Acmhainní um Sholáthar Foirne

B'ionann agus nach mór 50 duine líon foirne na hOifige, lena n-áirítear deichniúr Gardaí a tugadh ar iasacht. Bhí laghdú duine amháin i gceist leis an uimhir seo ag deireadh 2010 de bharr dul ar scor ball amháin foirne. Ar iomlán, d'fhág beirt bhall foirne an Oifige anuraidh, agus táimid buíoch as iarrachtaí chuir Kevin Mahady agus Stephen Pinson le linn a gcuid ama anseo linn.

Ar an iomlán, leanadh leis an bhfoireann a chur chun feidhme ar bhonn solúbtha le tosaíochtaí oibre an OSFC a chuimsiú. Tugtar miondealú in **Aguisín 3.1.2** ar fhoireann na hOifige ag tráth dheireadh na bliana.

### Saineolas a Foinsíodh go Seachtrach

De bhua láithreach chuntasóirí, chomhairleoirí dlí agus aturnaetha i measc a bhfoirne, tá neamhthuilleamaíocht réasúnta ag an OSFC i limistéir na cuntasaoíochta agus an dlí. I 2011, ní raibh aon chúis ag an Oifige lena ngnóthais sheachtracha chuntasaoíocht nó aturnaetha a fhostú le cabhrú lena gcuid oibre. D'fhostaigh Oifige Abhcóidí, áfach, le comhairle speisialaithe dlí a chur ar fáil ar uairibh agus le hionadaíocht a dhéanamh don Stiúirhóir i ndlíthíocht – na hUaschúirteanna go príomha. Rinneadh na costais seo dlí a choimeád faoi bhun €200,000 le linn na bliana.

De bharr an ghá fhéideartha atá aige saineolas seachtrach a fháil le tacú lena n-obair, choimeád an OSFC a bPainéil Dlí agus Chuntasaoíochta i 2011. Cuimsítear iontu seo ainmneacha daoine nó gnóthas ar mian leo go measfar gurb oiriúnach iad do shannadh saineolaíoch. Tá na Painéil seo oscailte ag an uile thráth do ghairmithe dlí agus cuntasaoíochta ar mian leo go ndéanfar breithniú orthu d'obair an OSFC.

### Athbhreithniú ar Chaiteachas an Rialtais

Mar fhreagairt ar an tionscnamh Rialtais seo, chuir an OSFC athbhreithniú sonrach faoi bhráid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta i mBealtaine 2011 ar a bhfeidhmíocht agus ar a gcaiteachas féin. Áiríodh leis seo líon mionbhearta breise le bac níos mó a chur ar chaiteachas. Molaimid, freisin, go bhféadfadh sé bheith infhéideartha le méid beag coigiltí breise a bhaint amach dá ndéanfaí an OSFC a chomhcheangal leis an OCC. I Nollaig, thug an Roinn cuireadh don dá Oifige tabhairt faoi mheasúnú níos sonraí ar na sochair lena mbaineann comhcheangal, agus bhí an obair seo ar bun ag tráth dheireadh na bliana.

## Plean Gníomhaíochta Bainistíochta Riosca

I 2011, rinne an OSFC athbhreithniú agus uasghrádú ar phlean bainistíochta riosca na hOifige i gcomhairliúchán leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Níor tháinig aon aibiú suntasach ar aon rioscaí suntasacha i rith na bliana.

## Úsáid Fuinnimh

Rinneadh deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar an bhfaisnéis reatha um úsáid leictreachais go déanach i 2011, agus ó 2012 i leith, beidh fáil ar na figiúirí seo. Tá an dealramh air, áfach, go bhfuil méadracht stairiúil níos deacra le teacht uirthi. Tá an OSFC freagrach as thart ar 44% den fhuinneamh a úsáidtear ina n-áitreabh. Do shoilsiú agus do threalamh oifige is ea thart ar 60% den leictreachas uile a úsáidtear san fhoirgneamh iomlán, agus úsáidtear téamh agus aerchóiriú don fhuílleach.

I rith 2011, thug Oifig na nOibreacha Poiblí rochtain ar Chóras Mónatóireachta Fuinnimh a ligeann dúinn anois monatóireacht a dhéanamh ar úsáid gáis an fhoirgnimh. I 2011, b'ionann an úsáid gáis (a úsáideadh go príomha do théamh aeir agus uisce) agus 696,781 cileavatuair (kwh), as a raibh an OSFC freagrach as thart ar 309,650 kwh.

Cé go bhfuil Clár Glas an OSFC i bhfeidhm ó 2008 i leith, chuaigh an Oifig sa tóir ar chomhairle i rith 2011 ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann le cabhrú le breis feabhais a chur ar a n-éifeachtúlacht fuinnimh. Moladh go ndéanfaí roinnt gníomhartha, agus tá sé de chuspóir ag an Oifig roinnt de na moltaí seo a chur i bhfeidhm i rith 2012 i gcomhar le tionóntaí eile san fhoirgneamh.

## Fosprioc 3.2: Ár bhFoireann a Fhorbairt

### Oiliúnt agus Bainistíocht Feidhmíochta

Tá bainistíocht feidhmíochta i gceist thar an uile Roinn agus Oifig den Rialtas agus cuireann an OSFC i bhfeidhm é gach bliain. Féachann siad lena chinntiú go bhfuil feidhmeanna na foirne aonair soiléir agus go bhfuil siad ar aon dul le cuspóirí foriomlána na hOifige. Ina theannta sin, tá nasc díreach idir cláir oiliúna na hOifige agus caitheachas d'fheidhm gach baill foirne.

Fuair foireann an OSFC 120 lá oiliúna i 2011 (95 lá i 2010). Cuireadh 26 lá oiliúna ar fáil ó fhoinsí inmheánacha den OSFC do 31 ball foirne i rith 2011. Áiríodh leis seo

cur i láthair ar an Acht Ceartais Choiriúil 2011 nua ina bhfuil impleachtaí d'imscrúduithe an OSFC. Sa mhullach air sin, chuir an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta 92.5 lá oiliúna ar fáil d'fhoireann an OSFC. Bhain triúr ball foirne sochar as 1.5 lá oiliúna a bhí ar tairiscint ag an tSeirbhís Soláthair Náisiúnta in Oifig na nOibreacha Poiblí.

## Oibriú Foireann-bhunaithe

Lean foirne ildisciplíneacha laistigh den OSFC le méid fairsing cásobair éagsúlaithe a bhíonn ag an Oifig a láimhseáil i limistéir an bhratha, an fhorfheidhmithe agus na dócmhainneachta. Tá cairt mhacasamhlach de bhaint fhoireann an OSFC faoi seach de réir limistéar feidhme ag **Aguisín 3.2.1**.

Faoi Alt 13(1) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2011, rinne an Stiúrthóir 11 ionstraim toscaireachta i 2011 a rinne feidhmiú ceann amháin nó níos mó dá chumhachtaí dlí a tharmligean don fhoireann shainithe Oifige. Bhain deich gcinn de na hionstraimí le leasuithe ar ionstraimí reatha, agus tugadh ceann amháin do bhall foirne a nuashainíodh le feidhmiú ar son an Stiúrthóra.

## Solúbthacht agus Éifeachtúlacht na Foirne

Déantar athbhreithniú leanúnach ar chur chun feidhme na foirne agus aird ar thosaíochtaí oibre. I 2011 i ndiaidh na hoiliúna cuí, chuir foireann riaracháin sa limistéar um fhorfheidhmiú coiriúil, síneadh lena bhfeidhm maidir le glacadh le ráitis finné d'fhonn cabhrú le cásanna reatha a chur chun cinn chuig céim an chinnidh. Leanfar leis an nuálaíocht seo a shíneadh sna cásanna cuí.


## Fosprioc 3.3: Ár Seirbhísí do Chustaiméirí a Fheabhsú

### Seirbhísí atá ar Tairiscint

Lean an OSFC i 2011 le hacmhainní suntasacha a thiomnú d'fhorbairt seirbhísí dá gcustaiméirí. I measc na seirbhísí seo bhí:

- faisnéis ar dhlí cuideachtaí agus ábhair bhainteaca trí láithreán gréasáin agus trí fhoilseacháin na hOifige srl;
- cainteanna, seimineáir agus tionscnaimh eile chomhlíonta a chur foireann na hOifige ar fáil, a bhfuil sonraí fúthu ar fáil níos luaithe sa Tuarascáil seo;
- an áis lena mbaineann déanamh gearán a cheadú faoi mhí-iompar amhrasta corparáideach;

### Cuairteanna ar an Láithreán Gréasáin i 2011 i gcomparáid le 2010



- seirbhísí reacht-bhunaithe, ina gceanglaítear ar iniúchóirí, leachtaitheoirí agus leas eile tuairisciú a dhéanamh faoi chúinsí áirithe don Oifige;
- cúnadh ginearálta a bhí ar tairiscint do chliant na hOifige trí fhiosrúcháin ghutháin, litreacha, ríomhphost, srl. Mar shampla, tugadh freagra pras ar 404 iarratas ar chuntas na hOifige ([info@osfc.ie](mailto:info@osfc.ie)) i rith na bliana (464 i 2010). Amhail a luadh níos luaithe sa Tuarascáil seo, bhain 152 de na hiarratais seo le comhlíonadh.

### Láithreán Gréasáin

I rith 2011, mheall láithreán gréasáin an OSFC ag [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie) 177,872 cuairteoir, arb ionann seo agus 487 duine sa lá. Léiríonn seo laghdú 8% ar fhiigiúr coibhéiseach 192,712 do 2010. B'ionann líon na gcuairteoirí uathúla do 2011 agus 79,623 (73,972 i 2010).

Tugtar liosta in **Aguisín 3.3.1** ar na 20 leathanach is mó ar ar chaith cuairteoirí chuig an láithreán gréasáin súil i 2011. Ar an iomlán, cuireadh 892,083 amharc ar leathanaigh i dtaifead i rith na bliana. Bhí nach mór 3% den trácht láithreán gréasáin seo chuig leathanaigh Ghaeilge an láithreáin ghréasáin atá ar fáil ag [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie). Bhí an fiigiúr seo faoi bhun 2% i 2010.

I measc an ábhair nua a foilsíodh ar an láithreán gréasáin i 2011 bhí an méid a leanas:

- aon fhoilseachán deág nua nó nuashonraithe den Oifig ar a tugtar breac-chuntas in **Aguisín 1.1.1** leis an Tuarascáil seo;
- ionstraimí nua reachtúla a bhain le dlí cuideachtaí na hÉireann;
- cóipeanna de chur i láthair áirithe a rinne foireann na hOifige do leas gnó, gairmiúil agus bainteach;
- preasráitis, ailt, fógraí, srl. a d'eisigh an Stiúirhóir agus an fhoireann eile agus
- torthaí cásanna forfheidhmithe sibhialta agus choiriúil a rinne an Stiúirhóir a ionchúiseamh faoi Acht na gCuideachtaí.

Ag deireadh 2011, bhí thart ar 953 custaiméir cláraithe go gcuirfí ar an eolas dóibh faoi fhaisnéis nua a fhoilseofar ar an láithreán gréasáin (926 ag deireadh 2010).

### Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (SF)

Tá an uile thaifead de chuid na hOifige (seachas taifid lena mbaineann riarachán ginearálta) díolmhaithe ó na hAchtanna SF. I rith 2011, fuair an OSFC trí iarratas ar thaifid na hOifige a bhain lena n-obair. Ceadáíodh ceann díobh seo go hiomlán, ceadáíodh ceann eile díobh go páirteach (níorbh ann d'fhuilleach na dtaifead), agus tharraing siar an té a d'iarraidh an tríú ceann an t-iarratas.



## Na hAchtanna um Chosaint Sonraí

I 2011, choimeád an OSFC a gclárú mar rialtóir sonraí le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Déanann na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2003 agus na hionstraimí reachtúla lena mbaineann, cosaint i leith úsáid nó nochtadh mícheart aon fhaisnéise atá á coimeád faoi dhuine. Tá na hoibleagáidí seo comhsheasmhach le diancheanglais féin na hOifige um Rúndacht in Alt 17 den Acht um Fhorfheidmiú Dlí Cuideachtaí 2001.

I rith 2011, d'fhiosraigh duine lua a ainm i gcomhfhreagas a d'eisigh an Oifig. Cé go raibh an t-ábhar agus ainm an duine san fhearann poiblí an tráth sin, thuairiscigh an Oifig an gearán le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí mar shárú féideartha ar na hAchtanna. Bhí an Oifig sin sásta gur ghlac an OSFC an uile bheart réasúnta le sonraí a chosaint agus le hatarlú an nochtá sin a sheachaint.

## Acht um Íocaíocht Phras Cuntas 1997

Déantar foráil san Acht um Íocaíocht Phras Cuntas d'íocaíocht leasa le sotháthróirí nár íocadh a sonraisc faoi dháta forordaithe (de ghnáth 30 lá i ndiaidh an sonrasc a fháil). Sa timpeallacht reatha gheilleagrach ina mbaineann ríthábhacht le sreabhadh airgid don ghnó, tá sé mar chuid de bheartas an Rialtais soláthróirí a íoc laistigh de 15 lá tar éis sonrasc a fháil.

Cloíodh le beartas na hOifige maidir le híoc as an sonrasc ar bhealach tráthúil laistigh de na 15 lá a theastaíonn. Dá réir sin, níor mheall íocaíochtaí den OSFC aon phionóis úis faoin Acht um Íocaíocht Phras Cuntas.

## Comhlíonadh na Caighdeáin Chomhaontaithe um Sheirbhís do Chustaiméirí

Laistigh de na contaicí lena mbaineann ualach oibre éilitheach, d'fhan an OSFC tiomanta i 2011 do sheirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil dá bhfoireann féin agus don uile bhall den phobal lena ndéileáil siad. Cuid den phróiseas seo é aiseolas agus seirbhísí gearán foirmiúil ar an láithreán gréasáin.

De bharr chineál oibre an OSFC, d'fhéadfadh nach mbeadh gearánaithe agus daoine eile ar gá dóibh dul i dteagmháil leo bheith sásta leis an teagmháil sin nó le toradh phlé na hOifige (mar shampla, sa chás go ndéanann duine gearán, ach go bhfuil an gearán sin lasmuigh dár sainchúram dlí cuideachtaí). Ar an iomlán, áfach, measann an Stiúrthóir gur baineadh amach comhlíonadh sásúil ár gCaighdeán um Sheirbhís do Chustaiméirí i rith na bliana.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Agus éag Scéim Teanga trí bliana na hOifige in Iúil 2011 ag druidim linn, dhréachtaigh an Oifig an dara Scéim i rith na bliana. Tá scrúdú á dhéanamh faoi láthair ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus ba cheart go ndéafar comhaontú air i 2012. Faoi réir ceadú, leanann éifeacht na ngealltanais a rinneadh faoin gcéad Scéim.

Bhí sé ina thoradh ag iniúchadh ag Oifig an Choimisinéara Teanga i 2011 go raibh gealltanais an Achta agus na Scéime á gcomhlíonadh go príomha ag an OSFC. Rinne siad moltaí, áfach, chun feabhas a chur ar chomhlíonadh inár dteagmháil tosaigh gutháin le custaiméirí agus i bpriontáil leabhráin Oifige.

## Conclúid

Agus aird ar na deacrachtaí leanúnacha a bhí roimh an Oifig agus an Stát ar an iomlán i 2011, tá an Stiúrthóir sásta gur sheachaid an Oifig, arís eile, luach an-mhaith ar airgead d'infheistíocht an Stáit i gcomhlíonadh agus i bhforfheidmiú dlí cuideachtaí.

## Dearcadh

Is dúshlánach go fóill don dearcadh do 2012.

Beidh imscrúduithe ar Bhanc Angla-Éireannach ina dtosaíocht don bhliain i dtéarmaí thabhairt chun críche imscrúduithe na hOifige agus dul i ngleic le haon riachtanais leantacha den Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí maidir leis na comhaid imscrúdaithe. Ag brath ar mhéid na riachtanas sin, d'fhéadfadh scóip áirithe a bheith ann don Oifig lena n-acmhainní a athdhírú ar thosaíochtaí eile de réir mar a ghabhann an bhliain ar aghaidh.

Ní ann d'aon amhras ach go leanann iompar míchúramach tráchtála bheith ina shaincheist thábhachtach sa timpeallacht dhúshlánach gheilleagrach reatha. Chun leasa an phobail is ea go gcuirtear smachtbhanna ar mhí-iompar mórsála tráchtála. Dá réir sin, ní mór go leanfaidh an Oifig agus comhréir shubstaintiúil dá n-acmhainní imscrúdaitheacha agus forfheidhmithe a chur chun feidhme do na cásanna deacra sin. De réir na taithí a bhí ag an OSFC i 2011, macasmhail blianta níos luaithe, nach mór ualaí an-mhóra de chruthúnas a bhaint amach sular féidir smachtbhanna Cúirte a ghearradh. Fáiltíonn an OSFC na hathruithe reachtúla a cuireadh chun feidhme go nuige seo le coireacht an bhóna bháin a chomhrac, agus tá súil acu go mbeidh breis tionscnamh le sonrú sa limistéar seo i 2012.


Is dócháil go bhfanfaidh an líon dócmhainneachta coparáidí ard i 2012. Eascróidh brúnna leanúnacha as seo mar thoradh ar mheasúnú na hOifige ar thuarascálacha leachtaitheora. Chuathas i mbun roinnt bearta inmheánacha go luath i 2012 d'fhonn iarracht a dhéanamh chun na deacrachtaí seo a mhaolú, ach ní dócha go mbeidh aon laghdú ar dhéine na hoibre sa limistéar agus aird ar mhéid agus ar chastacht roinnt de na cuideachtaí atá faoi chaibidil.

